# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir leis na nótaí tacaíochta a chuirtear i láthair anseo, ní hiad amháin atá bailí ná, tógtha le chéile, ní liosta iomlán iad agus, maidir le haon phointe eolais ábhartha eile a chuireann iarrthóir i láthair, ba cheart caitheamh leis de réir a chuid buanna féin.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.
- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.
- Úsáideadh marcáil tuairisceora sa scéim mharcála seo chun marcanna a leithdháileadh do chodanna áirithe de roinnt ceisteanna chun pointe/pointí a fhorbairt. Tá cóipeanna den mharcáil tuairisceora a úsáideadh sna táblaí thíos. Bhí an marc tuairisceora a úsáideadh ag brath ar an leithdháileadh marcanna don chuid áirithe sin den cheist. Ceisteanna a bhfuil leithdháileadh 4 mharc acu – bain úsáid as an tábla thíos.

| 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbairt o as an bhforbairt | • Eolas nach bhfuil ag teacht le chéile | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |

| 4 | 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Dona** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt nach bhfuil ag teacht le chéilé<br>• Forbairt o as an bhforbairt | • Eolas nach bhfuil ag teacht le chéilé | • Eolas nó mearbhlach nó nach bhfuil ag teacht le chéilé | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |

## INNÉACS DO CHEISTEANNA


| Níl. | Topaic | Leathanach/Leathanaigh |
|---|---|---|
| | Pointí le tabhairt faoi deara | **2 – 4** |
| | Roinn A | **5 – 12** |
| | Roinn B | |
| **11** | | **13 – 17** |
| **12** | | **18 – 21** |
| **13** | | **22 – 26** |
| **14** | | **27 – 32** |
| **15** | | **33 – 35** |
| **16** | | **36 – 42** |
| | Tionscadal Taighde Scoláire | **43 – 45** |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓ 1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓ 2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓ 3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓ 4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓ 5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓ 6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓ 7 | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓ 8 | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓ 9 | Faisnéis bhailí | 9 |
| ✓ 10 | Faisnéis bhailí | 10 |
| ✓ 11 | Faisnéis bhailí | 11 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis | N/B |

# ROINN A (100 Marc)

Bronn 1 marc breise do gach ceann de na chéad cheithre cheist a freagraíodh i gceart.

| C | | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **1.** | | Tá Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 de chuid na Náisiún Aontaithe léirithe thíos. Is é an sprioc ná na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe.<br><br><br>Oiriúnaithe ósgdsun.org | **$1^{ú}$ x 8**<br>**$2^{ú}$ x 4** |
| | **(i)** | Mínigh cúis amháin **arb** acmhainn luachmhar eacnamaíochta iad ár n-aigéin agus ár bhfarraigí.<br>• **Iascach agus fostaíocht:**<br>Is príomhfhoinse éisc agus bia mara iad na haigéin agus na farraigí atá tábhachtach mar bhia don duine, agus mar sin, cuireann siad tairbhí suntasacha eacnamaíocha ar fáil. Is mórthionscal í an iascaireacht ar fud an domhain a chuireann fostaíocht agus slite beatha ar fáil do na milliúin duine, agus gineann sé na billiúin euro in ioncam gach bliain.<br>• **Loingseoireacht agus trádáil:**<br>Feidhmíonn siad mar líonra iompair tábhachtach don trádáil idirnáisiúnta. Tá ról ríthábhachtach ag an loingseoireacht sa gheilleagar domhanda, ag bogadh earraí agus táirgí idir tíortha agus mór-ranna. Soláthraíonn sé modh iompair éifeachtach agus costéifeachtach agus cuidíonn sé le réigiúin iargúlta a nascadh agus le fás eacnamaíoch a éascú.<br>• **Fuinneamh glan:**<br>Tá acmhainneacht ollmhór acu maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, amhail cumhacht ghaoithe, tonnta agus taoide. Leis an éileamh atá ag méadú ar fhuinneamh glan agus na hábhair imní atá ag méadú faoin athrú aeráide, tá an tsuim in úsáid a bhaint as acmhainní den sórt sin chun freastal ar riachtanais fuinnimh an domhain ag méadú.<br>• **Turasóireacht:**<br>Meallann na radhairc áille, an bheatha éagsúil mhuirí, agus na gníomhaíochtaí fóillíochta a chuireann na haigéin agus na farraigí ar fáil na milliúin turasóirí gach bliain, rud a ghineann ioncam suntasach do phobail agus do gheilleagair an chósta.<br>• **Amhábhair:**<br>Tá na haigéin agus na farraigí ina bhfoinse shaibhir amhábhar, amhail ola, gás, mianraí, agus miotail, atá ríthábhachtach do gheilleagair nua-aimseartha. Is féidir na hacmhainní sin a fháil i dtaiscí amach ón gcósta agus i ngrinneall na farraige, agus trí iad a eastóscadh, is féidir buntáistí eacnamaíocha suntasacha a sholáthar do thíortha agus do chuideachtaí a bhfuil baint acu le tionscail na mianadóireachta agus na taiscéalaíochta. | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin ar féidir le **daoine aonair** cuidiú chun an acmhainn luachmhar seo a chosaint.

- Úsáid uisce a laghdú.
- Bheith aireach faoi cad a chaitheann daoine aonair uathu isteach sa chóras uisce.
- Roghanna bia mara atá sábháilte agus inbhuanaithe a dhéanamh: táirgí éisc a táirgeadh go hinbhuanaithe a cheannach.
- Tacú leis an iascaireacht mhionscála trí tháirgí éisc áitiúla agus deimhnithe a cheannach.
- Turasóireacht inbhuanaithe – ionas go gcosnófar an comhshaol.
- Gan a oiread táirgí plaisteacha a úsáid agus má úsáidtear iad déan iad a athchúrsáil/a chaitheadh amach go cúramach.
- Astaíochtaí carbóin a laghdú – ionsúnn na haigéin iad sin.
- Agus na hacmhainní sin á n-úsáid, déan iad a úsáid ar bhealach inbhuanaithe – gan dramhaíl a dhumpáil sna haigéin srl.

**2.** Tá Lidl ag tairiscint dearbháin lascaine (tairiscintí speisialta) anois do chustaiméirí a íoslódálann aip Lidl Plus.

**(a)** Cuir in iúl le tic (✓) sa tábla thíos cé acu atá an beart thuas ina shampla d'iomaíocht praghsanna nó d'iomaíocht neamhphraghais a bheith in úsáid ag cuideachta. Mínigh do fhreagra.

**1ú x 8**
**2ú x 4**

| | |
|---|---|
| **Iomaíocht praghsanna** | |
| **Iomaíocht neamhphraghais** | ✓ |

**Míniú:**

Tá Lidl in iomaíocht le hollmhargaí eile chun a dhíolacháin/sciar den mhargadh a mhéadú trí mhodhanna eile seachas a phraghsanna a athrú dá chustaiméirí ar fad.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **NÓ** | |
| | **(b)** | Mínigh cad é mar is féidir le custaiméirí Lidl tairbhe a bhaint as dearbháin lascaine (tairiscintí speisialta) a bheith á dtairiscint do chustaiméirí a íoslódálann aip Lidl Plus. | **12** |
| | | • **Coigilteas ar cheannacháin:**<br>Trí úsáid a bhaint as na cúpóin lascaine atá ar fáil ar an aip Lidl Plus, is féidir le custaiméirí airgead a shábháil ar a gcuid ceannachán ag Lidl. Is féidir leis sin a bheith an-tairbhiúil go háirithe do na custaiméirí sin atá ar bheagán airgid nó atá ag iarraidh fad a bhaint as a gcuid airgid.<br><br>• **Margaí eisiacha:**<br>Is féidir le húsáideoirí na haipe rochtain a fháil ar mhargaí nach bhfuil ar fáil do chustaiméirí nach bhfuil an aip acu, m.sh. tairiscintí speisialta ar tháirgí nua.<br><br>• **Tairiscintí pearsantaithe bunaithe ar nósanna siopadóireachta tomhaltóirí:**<br>Taispeántar tairiscintí pearsantaithe ar an aip dá úsáideoirí bunaithe ar a stair siopadóireachta agus a roghanna. Ciallaíonn sé sin gur féidir le custaiméirí cúpóin agus margaí a fháil ar tháirgí ar mó an seans go gceannóidh siad iad. Trí na cúpóin sin a úsáid, is féidir le custaiméirí Lidl airgead a shábháil ar tháirgí a bhí beartaithe acu a cheannach ar aon nós.<br><br>• **Áisiúil dá úsáideoirí:**<br>Leis an aip, is féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar a gcuid cúpón agus tairiscintí go léir in aon áit amháin, rud a fhaigheann réidh leis an ngá le cúpóin fhisiceacha a iompar nó le margaí a chuardach ar líne. Is féidir leo na cúpóin atá ar fáil a bhrabhsáil ar an aip agus a nguthán a scanadh ag an gcuntar amach chun an lascaine a úsáid. Mar gheall air sin, bíonn an próiseas chun na cúpóin a fhuascailt gasta agus éasca.<br>Soláthraíonn an aip nuashonruithe fíor-ama freisin ar na tairiscintí agus na margaí is déanaí, rud a chinntíonn nach gcaillfidh custaiméirí Lidl lascaine choíche.<br><br>• **Tugtar luach saothair do dhílseacht an chustaiméara:**<br>Tugann an aip luach saothair dílseachta freisin do chustaiméirí a úsáideann an aip go rialta.<br>D'fhéadfadh lascainí breise, tairiscintí eisiacha, nó fiú táirgí saor in aisce a bheith i gceist leis an luach saothair.<br>Trí úsáid rialta a bhaint as an aip, is féidir le custaiméirí pointí dílseachta a bhailiú agus luach saothair a shaothrú a sholáthraíonn luach breise agus coigilteas.<br><br>• **Bíonn níos mó eolais ag custaiméirí:**<br>Is féidir leis an aip níos mó eolais a thabhairt do chustaiméirí Lidl faoi tháirgí atá ar fáil sna siopaí agus ansin is féidir leo roghanna ceannaigh níos eolasaí a dhéanamh. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | (a) | Feidhmíonn siopaí caife in Éirinn in **iomaíocht mhonaplach.** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis thíos, dar leat. | **1ú x 8**<br>**2ú x 4** |

| | Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **1.** | Tá bacainní iontrála i margadh na siopaí caife in Éirinn. | | ✓ |
| **2.** | Claonann cuar an éilimh / cuar an mheánioncaim do chaife i siopa caife in Éirinn anuas ó chlé go deas. | ✓ | |

**NÓ**

**(b)** San fhógraíocht iomaíoch, cuirtear chun cinn na buntáistí atá ag táirge cuideachta amháin ar tháirgí a cuid iomaitheoirí. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh sé tarlú nach i gcónaí a rachadh fógraíocht iomaíoch chun tairbhe don chustaiméir. — **1ú x 8, 2ú x 4**

- **Praghsanna méadaithe:**
  D’fhéadfadh sé go mbeidh ar an ngnólacht praghsanna a ardú chun na costais mhéadaithe ar fhógraíocht a chlúdach. D’fhéadfadh sé sin inacmhainneacht táirgí a laghdú do thomhaltóirí ar deireadh.
- **Éilimh nó eolas atá Bréagach / Míthreorach / Neamhshiméadracht:**
  D’fhéadfaí faisnéis mhíchruinn / neamhiomlán a thabhairt do thomhaltóirí, rud a mbeadh mearbhall / faisnéis mhíchruinn mar thoradh air. Is féidir leis sin eolas mícheart a thabhairt do thomhaltóirí agus tabhairt orthu cinntí ceannaigh a dhéanamh bunaithe ar eolas míchruinn. Tarlaíonn eolas neamhshiméadrach nó teip eolais nuair a bhíonn níos mó eolas ábhartha ag páirtí amháin in idirbheart eacnamaíoch ná mar a bhíonn ag an bpáirtí eile. Tarlaíonn cliseadh margaidh mar gheall air sin.
- **Tobcheannach / Cruthaíonn sé mianta neamh-inbhuanaithe:**
  Is féidir le fógraíocht iomaíoch teicnící áititheacha a úsáid chun tobcheannach a ghríosú, rud a d’fhéadfadh tabhairt ar thomhaltóirí rudaí a cheannach nach gceannaídís murach sin. D’fhéadfadh sé go gcruthódh sé mian in intinn tomhaltóirí do stíl mhaireachtála nach féidir a bhaint amach. D’fhéadfadh deacrachtaí airgeadais, aiféala agus cur amú a bheith mar thoradh air sin.
- **Earraí díobhálacha / díluaíochta:**
  D’fhéadfadh fógraíocht maidir le tomhaltas earraí díluaíochta a ghríosú m.sh. toitíní nó alcól a bhféadfadh drochthionchar sláinte a bheith acu ar thomhaltóirí agus costais shóisialta eile a chruthú.
- **Truailliú bruscair:**
  D’fhéadfadh sé go mbeadh ar thomhaltóirí íoc as bruscar a bhaint de bharr ábhair fhógraíochta amhail bileoga fógraíochta a chaitheadh i leataobh srl.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | Níl airgead á chur i leataobh i gciste lá na coise tinne ag 47% de theaghlaigh na hÉireann a bhfuil páistí óga iontu. *Arna chur in oiriúint ó RTÉ*<br><br>Mínigh fáth amháin **go** mb'fhéidir nach bhfuil na teaghlaigh sin ag coigilt.<br><br>• **Leibhéal boilscithe:**<br>Laghdaíonn boilsciú an fíor-ráta toraidh ar choigilteas. Tá an ráta boilscithe reatha sách ard, mar sin ní mór do dhaoine níos mó airgid a chaitheamh chun earraí agus seirbhísí a cheannach. Ciallaíonn sé sin go ndéantar a gcumas airgead a shábháil a laghdú.<br>• **Rátaí úis ar choigilteas**<br>Tá na rátaí úis ar choigilteas atá á dtairiscint faoi láthair ag na hinstitiúidí airgeadais níos lú ná an ráta boilscithe, agus mar sin feidhmíonn an fíorthoradh ar choigilteas mar dhídhreasacht do choigilteoirí ionchasacha.<br>• **Rátaí úis ar mhorgáistí:**<br>Mar gheall ar rátaí úis méadaithe le blianta beaga anuas, tá na haisíocaíochtaí morgáiste níos airde do theaghlaigh agus mar sin tá níos lú cistí ar fáil le hairgead a shábháil.<br>• **Méaduithe ar an gcostas cíosa:**<br>Tháinig méaduithe an gcíos do theaghlaigh a bhfuil a gcóiríocht á fáil ar cíos acu le roinnt blianta anuas agus mar sin tá níos lú airgid ar fáil acu lena shábháil.<br>• **Méaduithe ar chostais breosla, leictreachais agus gáis:**<br>Tá méadú suntasach tagtha ar na hearraí sin le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil níos lú airgid ar fáil lena shábháil.<br><br>**NÓ** | **12** |
| | **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar bheart amháin a d'fhéadfadh institiúidí airgeadais in Éirinn a dhéanamh le saoránaigh na hÉireann a spreagadh le coigilteas a dhéanamh.<br><br>• **An méadú ar rátaí úis a chur ar aghaidh chuig coigilteoirí:**<br>D'fhéadfadh institiúidí airgeadais rátaí úis tarraingteacha a thairiscint ar chuntais choigiltis chun daoine a dhreasú chun airgead a shábháil. Le ráta úis níos airde, bheadh níos mó luach saothair airgeadais ag baint le hairgead a shábháil, rud a d'fhéadfadh níos mó daoine a spreagadh le hairgead a shábháil. Tá méadú tagtha ó 2022 i leith ar an tsaoráid ráta taisce a thairgeann an BCE do bhainc mhiondíola. D'fhéadfadh na hinstitiúidí creidmheasa níos mó de sin a chur ar aghaidh chuig coigilteoirí in Éirinn.<br>• **Oideachas airgeadais a sholáthar:**<br>B'fhéidir nach dtuigeann a lán saoránach na buntáistí a bhaineann le hairgead a shábháil nó conas dul ina bhun. D'fhéadfadh institiúidí airgeadais cláir oideachais airgeadais a thairiscint chun daoine a mhúineadh faoin tábhacht a bhaineann le hairgid a shábháil, faoi conas spriocanna coigiltis a shocrú, agus faoi straitéisí chun iad a bhaint amach.<br>• **Próisis oscailt cuntais a shimpliú:**<br>D'fhéadfadh go mbeadh an próiseas chun cuntas coigiltis a oscailt beagán dúshlánach nó d'fhéadfadh sé mearbhall a chur ar roinnt saoránach. D'fhéadfadh institiúidí airgeadais an próiseas oscailte cuntas a shimpliú agus é a dhéanamh níos inrochtana ionas go spreagfar níos mó daoine chun cuntais a oscailt agus tosú ag sábháil airgid.<br>• **Coigilteas uathoibríoch a chur chun cinn:**<br>D'fhéadfadh institiúidí airgeadais roghanna coigiltis uathoibríoch a chur chun cinn chun cuidiú le saoránaigh airgead a shábháil gan smaoineamh air fiú. Mar shampla, d'fhéadfaidís pleananna coigiltis uathoibríoch a thairiscint ina gcuirtear cuid de sheic pá saoránaigh i dtaisce go huathoibríoch i gcuntas coigiltis. | **12** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | | Cuir in iúl le tic (✓) cé acu an **iompórtálacha** isteach i ngeilleagar na hÉireann nó **easpórtálacha** amach ó gheilleagar na hÉireann iad seo thíos. Mínigh an fáth le do rogha i ngach cás. | 2 x 6 |

| | | Iompórtáil | Easpórtáil | Fáth |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | Feirmeoirí in Éirinn ag díol mairteola le margadh na Gearmáine | | ✓ | Is easpórtáil shofheicthe é sin. Fágann an t-airgead an Ghearmáin agus téann sé isteach i ngeilleagar na hÉireann / is insreabhadh cistí go hÉirinn é. |
| **2.** | Turasóirí as Éirinn ag fanacht in óstáin sa Fhrainc | ✓ | | Is iompórtáil dhofheicthe é sin. Seirbhís eachtrach dholáimhsithe (óstáin) a dhíol le saoránaigh Éireannacha. Téann na híocaíochtaí do na hóstáin isteach i ngeilleagar na Fraince / is eis-sreabhadh cistí iad ó Éirinn go dtí an Fhrainc. |

**6.** Tugadh isteach an Scéim Éarlaise agus Aisíoca ar an 1 Feabhra 2024. — 1ú x 8, 2ú x 4

(Nóta: Íocann an tomhaltóir éarlais ar a choimeádán dí agus nuair a thugtar an coimeádán ar ais go dtí an t-ionad bailiúcháin, tugtar éarlais an tomhaltóra ar ais.)

Breac cuntas gearr ar dhá thionchar a bheith ag an scéim seo ar thomhaltóirí na hÉireann.

- **An tomhaltóir a spreagadh chun na coimeádáin dí sin a thabhairt ar ais/athchúrsáil a threisiú:** mar sin, is féidir le táirgeoirí buidéil nua a dhéanamh as na seanbhuidéil sin agus cannaí nua a dhéanamh as na seanchannaí.
- **Ní ídeofar acmhainní tearca chomh mór sin:** chomh fada agus a bhaineann sé leis an méid plaistigh/alúmanaim agus fuinnimh a úsáidtear chun na táirgí seo a dhéanamh.
- **An bruscar a laghdú in áiteanna poiblí:** rud a mbeidh bonneagar sóisialta feabhsaithe/níos lú caiteachais ar ghlanadh mar thoradh air.
- **Ár spriocanna comhshaoil a d'aontaíomar leis an AE a bhaint amach:** cuideoidh an scéim le custaiméirí in Éirinn spriocanna comhshaoil AE a bhaint amach: brú /grinnscrúdú níos lú leis an Aontas.
- **An tomhaltóir a spreagadh chun níos lú buidéil phlaisteacha, cannaí srl a cheannach,** de réir mar a tháinig ardú ar an bpraghas, seans gur chuir sé seo roinnt custaiméirí in Éirinn ón táirge a cheannach.

**7.** Déan staidéar ar na ráitis thíos agus cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart cé acu ráiteas díobh atá ina ráiteas dearfach agus cé acu ráiteas díobh atá ina ráiteas normatach. **1ú x 8 2ú x 4**

| Ráiteas | Dearfach | Normatach |
|---|---|---|
| Ó tugadh isteach an tobhach ar mhálaí plaisteacha tá laghdú tagtha ar líon na málaí plaisteacha a cheannaíonn tomhaltóirí nuair a bhíonn siad ag siopadóireacht. | ✓ | |
| Ba chóir don rialtas an méid atá sa phinsean seanaoise a mhéadú chun leibhéal na bochtaineachta a laghdú. | | ✓ |

**8.** Is tomhas í comhéifeacht Gini ar an éagothroime i ndáileadh ioncaim taobh istigh de thír. Léiríonn na sonraí thíos ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) na comhéifeachtaí Gini do líon tíortha roghnaithe ó 2019 go 2021.




Ó na sonraí atá tugtha, cuir in iúl sna boscaí thíos cén tír ina bhfuil an leibhéal is ísle éagothroime agus cén tír ina bhfuil an leibhéal is airde éagothroime. **1ú x 8 2ú x 4**

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | **An tír ina bhfuil an leibhéal is ísle éagothroime.** | **An tSlóvaic** |
| **(ii)** | **An tír ina bhfuil an leibhéal is airde éagothroime.** | **Na Stáit Aontaithe** |

**9.** Léirítear sna sonraí thíos dhá mheastachán dhifriúla ón Roinn Airgeadais ar fhás gheilleagar na hÉireann in 2023. **1ú: 4 2ú: 4 3ú: 2 4ú: 2**

| | |
|---|---|
| **Fíor-OTI** | **4.7%** |
| **Fíor-OIN** | **0.4%** |

Arna chur in oiriúint ó Outlook & Fioscach

Comhlánaigh an tábla seo le cur in iúl cad dó a seasann na giorrúcháin.

| | | |
|---|---|---|
| **Oll-** | ~~Intíre~~ | **Táirge** |
| **Oll-** | **Náisiúnta** | ~~Ioncam~~ |

**10.** **Is féidir le tae matcha cabhrú chun cuimhne duine a fheabhsú, agus strus agus imní a laghdú.**

**Arna chur in oiriúint ó The** New York Times




**Léaráid A** **Léaráid B**

Glac leis go bhfuil margadh tae matcha i gcothromaíocht (C1).

Cuir in iúl le tic (✓) cibé acu Léaráid A nó Léaráid B a léiríonn a staid nua cothromaíochta sa mhargadh tar éis clúdach sna meáin ar a iarmhairtí dearfacha ar an tsláinte. **8**

| | |
|---|---|
| **Léaráid A** | ✓ |
| **Léaráid B** | |

**Mínigh do fhreagra, agus luaigh na hiarmhairtí ar an bpraghas cothromaíochta agus ar an gcainníocht chothromaíochta.** **4**

**Míniú:**

- Aistríonn cuar an éilimh go dtí taobh na láimhe deise (D2).
- Méadóidh an t-éileamh ar thae matcha mar gheall ar na tairbhí sláinte a bhaineann leis atá á thuairisciú sna meáin, rud a mhéadaíonn blas/rogha na dtomhaltóirí don deoch.
- Beidh ró-éileamh nó ganntanas mar thoradh ar an méadú ar éileamh, rud a ardóidh an praghas cothromaíochta nua.
- Beidh praghas cothromaíochta nua níos airde ann.
- Beidh cainníocht chothromaíochta nua níos airde ann.

# ROINN B (300 Marc)

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marcanna |
|---|---|---|---|
| **Ceist 11** | | | |
| **(a)** **22** | | Taispeántar ar an gcairt arduithe ar phraghas an leictreachais ó roinnt soláthraithe ó 2020 go 2022. Arna chur in oiriúint ó SEAI | |




**(i)**

| | |
|---|---|
| Cén chuideachta a raibh an t-ardú praghais **ba mhó** aici? | **Flogas** |
| Cén chuideachta a raibh an t-ardú praghais **ba lú** aici? | **Electric Ireland** |

**1ú x 8**
**2ú x 4**

**(ii)** Breac cuntas gearr ar thionchar eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag na harduithe seo ar **ghnólachtaí** in Éirinn. **5**

- **Costais mhéadaithe do ghnólacht mar gheall ar phraghsanna níos airde:** Méadóidh an caiteachas níos airde ar leictreachas na costais a bhaineann le gnólacht a reáchtáil.
- **Praghsanna méadaithe do thomhaltóirí:** Má chuireann an gnólacht na costais mhéadaithe ar aghaidh chuig an tomhaltóir, ciallaíonn sé sin praghsanna níos airde do thomhaltóirí a d'fhéadfadh laghdú ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bheith mar thoradh air.
- **Laghdú ar bhrabúis:** Má bhíonn praghsanna níos airde le híoc ag tomhaltóirí agus má éilíonn siad níos lú den earra nó den sheirbhís, tiocfaidh laghdú ar an mbrabús don ghnólacht. Má chinneann an gnólacht na costais mhéadaithe a ionsú iad féin, tiocfaidh laghdú ar a mbrabús.
- **Caomhnú leictreachais:** D'fhéadfadh sé go spreagfadh praghsanna leictreachais níos airde roinnt gnólachtaí chun bheith níos eolasaí faoina n-úsáid fuinnimh agus infheistíocht a dhéanamh i bhfearais nó i gcleachtais spárála fuinnimh chun a n-ídiú leictreachais a laghdú.
- **Aistriú go foinsí eile fuinnimh nó aistriú go soláthraí eile:** D'fhéadfadh sé go n-athródh roinnt gnólachtaí go foinsí eile fuinnimh, amhail gás nádúrtha, ola, nó foinsí fuinnimh in-athnuaite, chun tionchar praghsanna leictreachais níos airde a mhaolú.
- **Iomaíochas laghdaithe:** Le praghsanna leictreachais níos airde, d'fhéadfaí nach mbeidh gnólachtaí chomh iomaíoch, mar go mbíonn costais oibriúcháin níos airde le híoc acu. D'fhéadfadh táirgeadh laghdaithe, cailleadh post nó dúnadh gnólachta a bheith mar thoradh air sin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Le linn gheimhreadh 2023–2024, thug rialtas na hÉireann creidmheas €450 do gach líon tí le haghaidh a mbillí leictreachais.<br>Cén fáth a ndearna an rialtas é sin, dar leat?<br><br>• **Chun an t-ualach airgeadais/leas eacnamaíoch ar theaghlaigh Éireannacha a mhaolú**<br>Le billí leictreachais níos airde, cuireadh brú suntasach airgeadais ar theaghlaigh. Trí chreidmheas €450 a sholáthar, bhí sé mar aidhm ag an rialtas cuid den ualach sin a mhaolú agus cuidiú le teaghlaigh a gcostais a bhainistiú.<br><br>• **Chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal:**<br>Le billí leictreachais níos airde, cuireadh isteach go díréireach ar theaghlaigh ar ioncam íseal, rud a raibh bochtaineacht fuinnimh mar thoradh air. Chuidigh an creidmheas lena chinntiú go bhféadfadh na teaghlaigh sin seirbhísí bunúsacha fuinnimh a choinneáil ar bun, amhail téamh agus soilsiú.<br><br>• **Chun an geilleagar a spreagadh:**<br>Trí ualach airgeadais na mbillí leictreachais níos airde a laghdú, b’fhéidir go mbeadh ioncam indiúscartha níos mó ag teaghlaigh le caitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí eile, rud a d’fhéadfadh fás eacnamaíoch na hÉireann a choinneáil ar bun.<br><br>• **Chun muinín tomhaltóirí a mhéadú:**<br>Chuidigh an creidmheas rialtais de €450 le muinín tomhaltóirí a fheabhsú, toisc gur léirigh sé tiomantas an rialtais d’aghaidh a thabhairt ar phraghsanna leictreachais níos airde agus tacú le teaghlaigh.<br><br>• **Chun cobhsaíocht shóisialta a choinneáil ar bun:**<br>D’fhéadfadh sé go raibh míshástacht agus corraíl an phobail mar thoradh ar phraghsanna leictreachais atá ag méadú de shíor.<br>Trí chreidmheas a sholáthar, bhí an rialtas ábalta a fhreagrúlacht i leith ábhair imní an phobail a léiriú agus cobhsaíocht shóisialta a choinneáil ar bun.<br><br>• **Chun tuilleadh ama a thabhairt le haghaidh coigeartuithe beartais:**<br>Tá an rialtas ag obair ar réitigh fhadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna leictreachais níos airde, mar shampla, sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, gealltar go bhfaighfear suas le 80% de leictreachas na hÉireann ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Thug an creidmheas €450 faoiseamh gearrthéarmach do theaghlaigh fad is atá réitigh níos fadtéarmaí á gcur chun feidhme. | **5** |

**(b)** **31**

Taispeántar sa léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Olagaplacht**.




**(i)** Scríobh amach ina iomláine céard dó a seasann na trí lipéad. **3 x 8**

**É=MI:** Éileamh/Meá -Ioncam
**CI:** Costas Imeallach
**II:** Ioncam Imeallach

**(ii)** Tarlaíonn cothromaíocht ag **pointe E** ar an léaráid thuas. **3**

**Ar an léaráid thuas taispeáin agus lipéadaigh go soiléir:**

- An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad **$Q_1$**)
- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **$P_1$**).

**(iii)** Is sampla de mhargadh olagaplach é margadh an leictreachais in Éirinn. **4**

Tabhair sampla amháin de mhargadh olagaplach in Éirinn **agus** mínigh an chúis atá le do rogha.

**Fóin phóca/Leathanbhanda/Árachas/Baincéireacht/Seirbhísí teilifíse/ Ollmhargaí**

- **Níl ach cúpla soláthraí i dtreis sa mhargadh:**
  Tá an margadh ag éirí níos comhchruinnithe i gcónaí, agus tá na soláthraithe is mó i dtreis, m.sh. rialaíonn na trí chuideachta is mó níos mó ná 80% den mhargadh.
- **Tá bacainní ar iontráil sa mhargadh.**
  Leis na bacainní, is féidir le gnólachtaí den sórt sin a sciar den mhargadh a choinneáil, m.sh. costais arda tosaithe a bhaineann le gléasraí / bonneagar ábhartha a bhunú agus a chothabháil / ceanglais rialála a chomhlíonadh.
- **Tá iomaíocht neamhphraghais sa mhargadh:**
  Is minic a théann gnólachtaí olagaplacha i mbun iomaíocht neamhphraghais, amhail margaíocht, seirbhís do chustaiméirí, agus difreáil táirgí. Sna margaí sin, féadfaidh gnólachtaí dul san iomaíocht maidir le tosca amhail tairiscintí fuinnimh ghlais, teicneolaíocht méadraithe cliste srl.
- **Tá idirspleáchas idir gnólachtaí:**
  Is féidir le gníomhaíochtaí gnólachta amháin sna margaí sin dul i bhfeidhm go mór ar na soláthraithe eile, toisc nach bhfuil mórán imreoirí móra ann. D'fhéadfadh cinnteoireacht straitéiseach agus claonpháirteachas féideartha i measc na ngnólachtaí a bheith mar thoradh ar an idirspleáchas sin, m.sh. aon uair a d'fhógair soláthraí amháin ardú praghais le déanaí ba ghnách gur leanadh é sin go tapa le méaduithe comhchosúla ó ghnólachtaí iomaíocha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br>**22** | | D’fhág Panda Power margadh fuinnimh na hÉireann. Ba é an ceathrú cuideachta fuinnimh a d’fhág margadh na hÉireann. | |
| | **(i)** | An bhfuil níos mó nó níos lú iomaíochta i margadh an leictreachais in Éirinn anois dá thoradh sin, dar leat?Cuir do thuairim in iúl le tic (✓) thíos agus mínigh do rogha.<br><br>Níos mó iomaíochta [ ]   Níos lú iomaíochta [✓]<br><br>**Míniú:**<br><br>• **Líon laghdaithe gnólachtaí:** Agus líon níos lú soláthraithe leictreachais sa mhargadh, tá sciar níos mó den mhargadh ag na gnólachtaí eile anois, rud a fhágann go bhfuil comhchruinniú cumhachta níos airde i measc na soláthraithe eile. Tá níos lú iomaíochta ann dá bharr sin, mar go bhfuil níos mó smachta ag na gnólachtaí eile ar an margadh.<br><br>• **Níor lú roghanna do chustaiméirí:** Mar gheall nach bhfuil a oiread soláthraithe leictreachais ar fáil, beidh níos lú roghanna ag tomhaltóirí nuair a bheidh a soláthraí leictreachais á roghnú acu. Cuireann an rogha laghdaithe sin srian ar an mbrú iomaíoch atá ar na soláthraithe eile chun praghsanna, seirbhísí nó táirgí níos fearr a thairiscint.<br><br>• **D’fhéadfadh bacainní ar iontráil a bheith ann:** Dá mbeadh dúshláin amhail bacainní arda ar iontráil roimh na soláthraithe a d’fhág, d’fhéadfaí lagmhisneach a chur ar ghnólachtaí nua dul isteach sa mhargadh, rud a chuirfeadh srian breise ar an iomaíocht.<br><br>• **Tá riosca claonpháirteachais ann:** Mar gheall ar an líon níos lú soláthraithe leictreachais sa mhargadh, tá méadú tagtha ar an bhféidearthacht go mbeidh claonpháirteachas nó comhar intuigthe idir na gnólachtaí eile. D’fhéadfadh cleachtais fhrithiomaíocha a bheith mar thoradh air sin, amhail socrú praghsanna nó an soláthar a theorannú, rud a dhéanfadh dochar do thomhaltóirí. | **6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (ii) | Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí inar féidir le saoránaigh in Éirinn gníomhú ar bhealach níos inbhuanaithe maidir leis an gcaoi a n-úsáideann siad fuinneamh.<br><br>• **Fearais atá tíosach ar fhuinneamh a úsáid:**<br>Fearais atá tíosach ar fhuinneamh agus leictreonaic ag a bhfuil rátáil fuinnimh níos airde a cheannach agus a úsáid, toisc nach n-ídíonn siad a oiread fuinnimh agus go gcuidíonn siad le billí leictreachais a laghdú.<br><br>• **Cuir insliú níos fearr ar an teach:**<br>Cuir feabhas ar insliú tí trí bhearnaí a shéalú, ábhair inslithe a chur le ballaí, agus fuinneoga déghloinithe a shuiteáil chun caillteanas teasa a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.<br><br>• **Úsáid teirmeastait chliste:**<br>Bain úsáid as teirmeastait chliste chun téamh agus fuarú tí a rialáil ar bhealach níos éifeachtaí trí theocht a choigeartú de réir na háitíochta agus an ama den lae, rud a laghdóidh an t-ídiú fuinnimh.<br><br>• **Úsáid soilse LED:**<br>Cuir soilsiú LED atá tíosach ar fhuinneamh in ionad bolgáin ghealbhruthacha thraidisiúnta, ní úsáideann siad a oiread fuinnimh agus maireann siad níos faide.<br><br>• **Úsáid fuinneamh In-athnuaite:**<br>Infheistigh i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite ar scála beag amhail painéil ghréine nó tuirbíní gaoithe le húsáid sa bhaile.<br><br>• **Laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil:**<br>Cleachtaigh na trí R (Reduce, reuse, recycle i mBéarla) chun dramhaíl a íoslaghdú agus fuinneamh a shábháil a bhaineann le táirgeadh agus diúscairt earraí.<br><br>• **Caomhnaigh fuinneamh:**<br>Cas as na soilse agus earraí leictreonaice nuair nach bhfuil siad á n-úsáid / díphlugáil luchtairí agus gléasanna / úsáid stiallacha cumhachta ar a bhfuil lasc air / as chun fuinneamh a chaomhnú.<br><br>• **Úsáid modhanna iompair inbhuanaithe:**<br>Úsáid iompar poiblí, siúil, téigh ag rothaíocht, nó déan carr-roinnt, nuair is féidir, chun astaíochtaí carbóin agus ídiú fuinnimh a laghdú.<br><br>• **Caomhnaigh uisce:**<br>Suiteáil sconnaí agus sconnaí chithfholcadáin íseal-sreafa, deisigh sceití, agus úsáid fearais spárála uisce chun dramhaíl uisce agus an fuinneamh a úsáidtear chun uisce a théamh a laghdú.<br><br>• **Cuir crainn agus cothaigh spásanna glasa:**<br>Cuir crainn agus cothaigh spásanna glasa chun dé-ocsaíd charbóin a ionsú, scáth a sholáthar, agus cuidiú le hídiú fuinnimh a laghdú.<br><br>• **Cuir eolas ar fáil agus roinn eolas:**<br>Cuir eolas ort féin agus ar dhaoine eile faoi chleachtais fuinnimh inbhuanaithe agus roinn leideanna le cairde, le baill teaghlaigh agus le comharsana chun glacadh níos leithne d’úsáid fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh. | **2 x 8** |

| | | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **Ceist 12** | | | |
| **(a)** 25 | **(i)** | In 2022, bhí líon na ndaoine a bhí fostaithe in Éirinn os cionn 2.5 milliún den chéad uair riamh.<br><br>Ó na sonraí atá tugtha ar thaobh na láimhe clé den ghrafaic (atá tugtha), ríomh céatadán an ardaithe sa líon daoine a bhí fostaithe ó R4 2021 go R4 2022. **Taispeáin do chuid oibre go léir.**<br><br>Obair:<br>$2{,}574{,}500 - 2{,}506{,}000 = 68{,}500$<br>$\frac{68{,}500}{2{,}506{,}000} \times 100 * = 2.73\%$<br><br>Céatadán an ardaithe: 2.73% *(- 1 as % a fhágáil ar lár)* | **18**<br>**6 x 3** |
| | **(ii)** | Breac cuntas gearr ar thairbhe eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag **méadú ar an bhfostaíocht** do gheilleagar na hÉireann.<br><br>• **Caighdeán maireachtála méadaithe do shaoránaigh:** Le hioncam níos airde, beidh saoránaigh ábalta tuilleadh earraí agus seirbhísí a cheannach.<br>• **Laghdú ar an mbille leasa shóisialaigh / Méadú ar ioncam cánach:** De réir mar a fhostaítear níos mó saoránach, íocfaidh an rialtas níos lú amach in íocaíochtaí coimirce sóisialta. Mar gheall ar fhostaíocht níos airde, baileoidh an rialtas níos mó ioncaim ó chánachas díreach agus indíreach.<br>• **Éileamh comhiomlán méadaithe / Fás eacnamaíoch níos mó:** Méadóidh fostaíocht mhéadaithe éileamh comhiomlán sa gheilleagar, agus méadóidh sé sin fás eacnamaíoch agus OIN / OTI / OTN.<br>• **Infheistíocht mhéadaithe:** Spreagann leibhéal níos airde fostaíochta tuilleadh infheistíochta de réir mar a mhéadaíonn éileamh agus go mbíonn na hionchais faoin todhchaí níos dearfaí.<br>• **Muinín mhéadaithe sa gheilleagar:** Mar thoradh ar fhostaíocht níos airde, beidh níos mó muiníne ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí araon as an ngeilleagar, rud a spreagfaidh fás eacnamaíoch níos airde fós.<br>• **Éagothroime laghdaithe agus laghdú féideartha ar bhochtaineacht:** Nuair a fhostaítear níos mó saoránach, ardaíonn a n-ioncam agus d'fhéadfadh leibhéal na bochtaineachta in Éirinn titim, rud a chuidíonn le héagothroime sa tír a laghdú. | **7** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br><br>**24** | **(i)** | Tá ganntanas fostaithe oilte in earnálacha éagsúla de chuid gheilleagar na hÉireann faoi láthair.Mínigh an téarma eacnamaíochta **ganntanas** maidir leis an lucht saothair (le fostaithe).<br><br>**<u>Míniú:</u>**<br><br>Nuair a chuirtear i bhfeidhm ar shaothar é, ciallaíonn ganntanas nuair nach leor líon na bhfostaithe cáilithe agus an líon atá ar fáil chun freastal ar éileamh fostóirí i margadh, tionscal nó limistéar geografach ar leith. (Soláthar níos lú ná éileamh).<br><br>Nuair a chuirtear i bhfeidhm ar shaothar é, ciallaíonn ganntanas don chás ina bhfuil gnólachtaí ag féachaint le níos mó fostaithe ná an líon fostaithe atá ar fáil sa tír a fhostú. | **4** |
| | **(ii)** | Tá ganntanas lucht saothair oilte i dtionscal na cógaisíochta le blianta beaga bliana. Mínigh tionchar **amháin** a d'fheadfadh a bheith ag ganntanas lucht saothair ar an tionscal seo.<br><br>• **Pá méadaithe / Costas méadaithe saothair:** Chun fostaithe cáilithe a mhealladh agus a choinneáil, d'fhéadfadh go gcaithfeadh cuideachtaí cógaisíochta pá níos airde, sochair níos fearr nó dreasachtaí eile a thairiscint. D'fhéadfadh sé sin costais saothair a ardú, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar bhrabúsacht agus ar iomaíochas an tionscail.<br><br>• **Táirgiúlacht agus aschur laghdaithe / Iomaíochas laghdaithe:** D'fhéadfadh sé go mbeadh cuideachtaí ag feidhmiú faoi bhun a n-acmhainne de bharr easpa oibrithe oilte, rud a bhféadfadh táirgiúlacht níos ísle agus aschur laghdaithe táirgí cógaisíochta a bheith mar thoradh air. D'fhéadfadh sé sin dul i gcion ar chumas an tionscail freastal ar an éileamh intíre agus idirnáisiúnta ar chógaisíocht, agus d'fhéadfadh go gcaillfí sciar den mhargadh dá bharr.<br><br>• **Laghdú ar nuálaíocht agus ar fhorbairt táirgí nua:** D'fhéadfadh ganntanas oibrithe oilte moill a chur ar dhul chun cinn taighde agus forbartha, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar aimsiú agus ar thráchtálú drugaí, teiripí agus feistí leighis nua. D'fhéadfadh sé sin dul i gcion ar ionchais fáis fhadtéarmacha agus ar iomaíochas domhanda an tionscail.<br><br>• **Spleáchas méadaithe ar fhoinsiú allamuigh nó ar sheachfhoinsiú thar lear:** Chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas, d'fhéadfadh cuideachtaí cógaisíochta in Éirinn a roghnú feidhmeanna áirithe a sheachfhoinsiú nó a sheachfhoinsiú thar lear, amhail taighde, forbairt, nó déantúsaíocht, chuig tíortha a bhfuil neart oibrithe oilte acu. Cé go bhféadfadh sé sin cuidiú leis an nganntanas saothair a mhaolú, d'fhéadfadh sé impleachtaí a bheith aige freisin d'fhostaíocht intíre agus do gheilleagar na hÉireann go ginearálta.<br><br>• **Deacracht maidir le caighdeáin cháilíochta a choinneáil:** D'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos dúshlánaí do chuideachtaí in Éirinn na caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta an-ard a theastaíonn sa tionscal cógaisíochta a choinneáil mar gheall ar ghanntanas oibrithe oilte. D'fhéadfadh rioscaí méadaithe teacht as sin maidir le haisghairm táirgí nó saincheisteanna rialála, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chlú agus d'fheidhmíocht airgeadais na gcuideachtaí lena mbaineann. | **10** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Breac cuntas gearr ar bheart eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh a chabhródh chun an líon oibrithe oilte sa gheilleagar a mhéadú.<br><br>• **Maoiniú i gcomhair oideachais agus oiliúna a mhéadú:** Le tuilleadh infheistíochta rialtais san oideachas agus i gcláir ghairmoiliúna a dhíríonn ar scileanna agus ar thionscail ar a bhfuil éileamh, d'fhéadfaí cuidiú leis na cáilíochtaí riachtanacha a sholáthar don lucht saothair. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin maoiniú méadaithe le haghaidh ollscoileanna agus coláistí, forbairt ionad sainoiliúna, nó cur chun cinn printíseachtaí agus intéirneachtaí.<br><br>• **Comhoibriú leis an tionscal:** Is féidir le comhpháirtíochtaí rialtais le gnólachtaí agus eagraíochtaí tionscail cuidiú lena chinntiú go bhfuil cláir oideachais agus oiliúna ailínithe le riachtanais fostóirí. D'fhéadfadh cruthú comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, comhoibrithe a cothú idir an tionscal agus an saol acadúil, nó dreasachtaí airgeadais a thairiscint do ghnólachtaí chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oiliúna agus breisoiliúna a bheith i gceist leis seo.<br><br>• **Soghluaisteacht saothair a mhéadú:** Má spreagtar níos mó soghluaisteacht cheirde agus/nó gheografach saothair, d'fhéadfadh sé cuidiú lena chinntiú go mbeidh oibrithe oilte ábalta bogadh go tionscail nó réigiúin ina bhfuil éileamh ar a gcuid scileanna. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin infheistíochtaí i mbonneagar iompair, moil eacnamaíocha réigiúnacha a fhorbairt, nó tacaíocht airgeadais a sholáthar d'oibrithe atá ag athlonnú chun oibre.<br><br>• **Beartais inimirce a chur chun feidhme:** Trí oibrithe oilte ó thíortha eile a mhealladh, is féidir cuidiú le aghaidh a thabhairt ar an nganntanas saothair sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. D'fhéadfadh an rialtas smaoineamh ar chláir víosa a chur chun feidhme a dhírítear ar ghairmithe oilte, dreasachtaí a thairiscint d'oibrithe eachtracha chun athlonnú go hÉirinn, nó an próiseas chun cáilíochtaí eachtracha a aithint a chuíchóiriú.<br><br>• **Foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh:** Má spreagtar oibrithe chun a scileanna a nuashonrú go leanúnach, is féidir cuidiú lena chinntiú go mbeidh an lucht saothair inoiriúnaithe do riachtanais athraitheacha an tionscail i gcónaí. D'fhéadfadh an rialtas dreasachtaí airgeadais a chur ar fáil do dhaoine aonair chun páirt a ghlacadh i mbreisoideachas nó oiliúint, amhail creidmheasanna cánach, fóirdheontais, nó iasachtaí ar ús íseal.<br><br>• **Oideachas ETIM a chur chun cinn:** Má spreagtar mic léinn chun dul le gairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM), d'fhéadfadh sé cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna i dtionscail amhail cógaisíocht. D'fhéadfadh go mbeadh maoiniú méadaithe do chláir ETIM i scoileanna, forbairt scoláireachtaí nó deontais spriocdhírithe, nó feachtais feasachta poiblí chun tairbhí gairmeacha ETIM a chur chun cinn i gceist leis sin.<br><br>• **Níos mó tionscnamh le haghaidh comhionannas inscne a chur chun feidhme:** Trína chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag mná ar dheiseanna oideachais agus gairme, is féidir cuidiú leis an mbuíon oibrithe oilte a mhéadú. D'fhéadfadh an rialtas comhionannas inscne a chur chun cinn trí bheartais agus trí chláir a thacaíonn le pá comhionann, saoire thuismitheoireachta, agus rochtain ar chúram leanaí, chomh maith le tionscnaimh a dhíríonn ar níos mó ban a spreagadh chun dul isteach i réimsí fostaíochta traidisiúnta ina bhfuil ceannas ag fir amhail iompar, tógáil, agus a cheirdeanna gaolmhara. | **10** |

**(c)**

26

Taispeántar sa chairt thíos na rátaí míosúla dífhostaíochta in Éirinn agus iad coigeartaithe de réir an tséasúir. Arna chur in oiriúint ón POS




**(i)** Aithin treocht fhoriomlán na dífhostaíochta in Éirinn agus úsáid figiúirí ón ngraf thuas. **6**

Bunaithe ar na sonraí thuas, bhí an ráta dífhostaíochta in Éirinn seasmhach den chuid ba mhó *nó* d'ardaigh sé beagán in 2022.
Ba é 4.5% go díreach an ráta b'airde riamh agus ba é 4.3% an ráta ab ísle .
Tháinig méadú 0.1% ar dhífhostaíocht.

**(ii)** Agus costais saothair ag méadú, tá sé dian ar roinnt gnólachtaí Éireannacha leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. **10**

Breac cuntas gearr ar an tionchar a d'fhéadfadh an fhorbairt seo a bheith aici ar an dífhostaíocht in Éirinn.

- D'fhéadfadh méadú ar dhífhostaíocht a bheith mar thoradh uirthi má chinneann gnólachtaí gan oibrithe nua a earcú nó a lucht saothair a laghdú.
- Féadfaidh siad a chinneadh freisin níos mó teicneolaíochta a úsáid a d'fhágfadh nach mbeadh gá leis a oiread oibrithe agus go dtiocfadh méadú ar na figiúirí dífhostaíochta.

**(iii)** Breac cuntas gearr ar chúis amháin a mbíonn roinnt daoine fós dífhostaithe fad is atá folúntais phoist i ngeilleagar na hÉireann. **10**

- Neamhréir idir scileanna agus cáilíochtaí na ndaoine sin atá ag lorg fostaíochta agus na scileanna agus na cáilíochtaí a theastaíonn sna folúntais a thagann chun cinn.
- Riachtanais víosa chun roinnt post a ghlacadh i ngeilleagar na hÉireann i gcás saoránaigh neamh-AE.
- Béarla – b'fhéidir go mbeadh na scileanna riachtanacha ag daoine ach nach bhfuil siad líofa sa Bhéarla, rud a chuireann bac ar fhostaíocht.
- Easpa bonneagair – deacair teacht ar an áit oibre mar gheall ar easpa iompair.
- Easpa tithíocht inacmhainne san áit a bhfuil na poist agus mar sin cuirtear cosc ar na poist a ghlacadh.
- Eagla go gcaillfear aon sochair bhreise do dhaoine a fhaigheann leas sóisialach.

**Freagraí féideartha**

## Ceist 13

**(a)** **28**

**(i)** Tugadh na sonraí thíos duit maidir le gnólacht.

Ar an ngrafpháipéar, tarraing agus lipéadaigh:

- na costais sheasta don ghnólacht seo
- na costais athraitheacha don ghnólacht seo.

**Nóta: ní mór duit ais na cainníochta agus ais na gcostas a chomhlánú/líonadh isteach.**

| **Cainníocht (aonaid aschuir)** | **1** | **2** | **3** | **4** |
|---|---|---|---|---|
| **Costais Sheasta ina €** | **600** | **600** | **600** | **600** |
| Costais Athraitheacha ina **€** | **500** | **600** | **700** | **800** |




**12**
**Aiseanna**
**2 x 2**
**FC: 3**
**VC: 5**

**(ii)** Mínigh an difear idir costais sheasta agus costais athraitheacha.
Tabhair sampla i ngach cás.

**2 x 8**

| | **Míniú** | **Sampla** |
|---|---|---|
| **Costais Sheasta** | Costais nach n-athraíonn de réir mar a athraíonn aschur[2]/ Costais nach mór a íoc fiú mura dtáirgtear aon rud. | Cíos<br>Aisíocaíochtaí iasachta |
| **Costais Athraitheacha** | Costais a athraíonn de réir mar a athraíonn aschur. | Leictreachas<br>Saothar<br>Amhábhair |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** **23** | | Sa chairt thíos, léirítear an t-athrú céatadánach bliantúil ar bhoilsciú phraghas an bhia i dtíortha roghnaithe. | |




**(i)**

| | |
|---|---|
| Cén tír ina raibh an ráta boilscithe **ab ísle** i bpraghas an bhia? | **An Eilvéis** |
| Cén tír ina raibh an ráta boilscithe **ab airde** i bpraghas an bia? | **An Tuirc** |

**1ú x 8**
**2ú x 5**

**(ii)** Mínigh tionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh boilsciú ar phraghas an bhia a bheith aige ar thomhaltóirí. **10**

- **Cumhacht cheannaigh laghdaithe / caighdeán maireachtála / éileamh laghdaithe ar G&S:**
  Agus praghsanna bia ag méadú, gheobhaidh tomhaltóirí go bhfuil níos lú bia á cheannach acu lena gcuid airgid ná mar a bhí roimhe seo. D'fhéadfadh caighdeán maireachtála laghdaithe a bheith mar thoradh air sin, agus teaghlaigh ag streachailt lena leibhéil tomhaltais roimhe seo a choinneáil ar bun.
- **Éagothroime mhéadaithe saibhris / bochtaineacht:**
  Bíonn tionchar níos measa ag boilsciú ar theaghlaigh ar ioncam níos ísle de ghnáth ná mar a bhíonn ar theaghlaigh ar ioncam níos airde, toisc go gcaitear céatadán níos mó dá n-ioncam ar riachtanais amhail bia. D'fhéadfadh méadú ar éagothroime ioncaim a bheith mar thoradh air sin agus d'fhéadfadh sé cur leis an mbochtaineacht do go leor tomhaltóirí.
- **Athruithe ar phatrúin tomhaltais / éifeachtaí diúltacha ar an tsláinte:**
  Agus méadú ag teacht ar phraghsanna bia, d'fhéadfadh sé go gcuirfí iallach ar thomhaltóirí aistriú go roghanna eile atá níos saoire, atá ar chaighdeán níos ísle nó nach iad an rogha is fearr leo. Is féidir leis sin tionchar diúltach a imirt ar a n-iontógáil cothaitheach agus ar a sláinte ar an iomlán.
- **Coigilteas laghdaithe:**
  Mar gheall go gcaithfear sciar níos mó den ioncam a chaitheamh ar bhia, d'fhéadfadh go mbeadh níos lú airgid ag tomhaltóirí le hairgead a shábháil nó a infheistiú. D'fhéadfadh sé sin dul i gcion ar a slándáil airgeadais fhadtéarmach agus srian a chur ar fhás eacnamaíoch.

| (c) 24 | | | |
|---|---|---|---|
| | | Ardaíodh praghas an pháipéir leithris 15.6% in 2022. Tharla sin mar go raibh cuideachtaí a dhéanann páipéar leithris ag úsáid amhábhair atá neamhdhíobhálach don timpeallacht ach a bhí níos costasaí.Is sampla é seo de bhoilsciú de bharr costbhrú. Arna chur in oiriúint ó RTE.ie | |
| | (i) | Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta boilsciú de bharr costbhrú.<br><br>Tarlaíonn sé sin nuair is ionann an fhoinse brú aníos ar phraghsanna agus costais ardaithe na bhfachtóirí táirgthe .i. arduithe costais gan feabhas comhfhreagrach ar tháirgiúlacht. Cuirtear an méadú sin ar chostais ar aghaidh chuig tomhaltóirí ansin i bhfoirm praghsanna níos airde.<br><br>D'fhéadfadh sé tarlú freisin i bhfoirm boilsciú iompórtáilte trínar tháinig méadú ar phraghas na n-amhábhar iompórtáilte ó thar lear, rud a mbeidh méadú ar phraghsanna táirgí críochnaithe sa mhargadh baile mar thoradh air m.sh. praghsanna cruithneachta / gáis / ola a d'ardaigh go tapa ag tús an chogaidh Úcráin. | 10 |
| | (ii) | Ar chóir do dhéantúsóirí, mar chuidachtaí a dhéanann páipéar leithris, amhábhair a úsáid atá **níos costasaí** ach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, dar leat? Cuir do thuairim in iúl le tic (✓) thíos agus mínigh do rogha.<br><br>Ba chóir ☐    Níor chóir ☐<br><br>**<u>TÁ Míniú:</u>**<br><br>• **Cuidíonn sé leis an gcomhshaol a chosaint:** Bíonn lorg éiceolaíochta níos ísle ag amhábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomparáid le hábhair thraidisiúnta go minic. Is féidir iad a fháil ó fhoinsí in-athnuaite, a tháirgtear le níos lú ceimiceáin thocsaineacha, nó nach gcruthaíonn a oiread dramhaíola. Trí na hábhair sin a úsáid, cuireann monaróirí le caomhnú acmhainní nádúrtha agus le laghdú ar thruailliú.<br><br>• **Cuidíonn sé le freastal ar éileamh tomhaltóirí atá ag méadú ar tháirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol:** Tá tomhaltóirí ag éirí níos feasaí ar an tionchar a bhíonn ag a gceannachán ar an gcomhshaol agus is mó an seans go roghnóidh siad táirgí a dhéantar le hábhair inbhuanaithe. Trí tháirgí éiceabhácha a thairiscint, is féidir le monaróirí freastal ar an éileamh sin atá ag méadú agus dílseacht custaiméirí a chothú.<br><br>• **Comhlíontar rialacháin:** Tá rialacháin maidir leis an gcomhshaol níos déine á gcur chun feidhme ag rialtais ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar shaincheisteanna éiceolaíochta eile. Trí ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a ghlacadh, is féidir le monaróirí a chinntiú go gcomhlíonfar na rialacháin sin agus fíneálacha nó pionóis fhéideartha a sheachaint.<br><br>• **Gintear coigilteas costais fadtéarmach:** Cé go bhféadfadh amhábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bheith níos costasaí ar dtús, d'fhéadfadh coigilteas costais fadtéarmach a bheith mar thoradh orthu. Mar shampla, b'fhéidir go n-éireoidh ábhair in-athnuaite níos costéifeachtaí de réir mar a éiríonn ábhair neamh-inathnuaite níos gainne, agus d'fhéadfadh costais diúscartha dramhaíola laghdaithe agus costais glantacháin comhshaoil níos ísle a bheith mar thoradh ar úsáid a bhaint as ábhair éiceabhácha. | 10 |

**NÍL Míniú**

- **Méadaítear costais táirgthe:**
D'fhéadfadh costais táirgthe níos airde a bheith mar thoradh ar ábhair éiceabhácha a úsáid, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar bhrabúsacht cuideachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar mhonaróirí na hábhair sin a ghlacadh má chreideann siad nach féidir na costais mhéadaithe a chúiteamh le sochair eile, amhail éileamh méadaithe nó coigilteas fadtéarmach.
- **Méadaítear praghsanna tomhaltóirí:**
D'fhéadfadh praghsanna miondíola níos airde do thomhaltóirí a bheith mar thoradh ar chostais táirgthe níos airde. Má tá tomhaltóirí íogair ó thaobh praghsanna de agus mura bhfuil siad sásta préimh a íoc as táirgí éiceabhácha, b'fhéidir go mbeadh sé deacair do mhonaróirí a sciar den mhargadh a choinneáil nó na leibhéil díolacháin inmhianaithe a bhaint amach.
- **Cruthaítear fadhbanna casta sa slabhra soláthair:**
Má ghlactar ábhair éiceabhácha, d'fhéadfadh sé go gcaithfí athruithe suntasacha a dhéanamh ar shlabhra soláthair na cuideachta, lena n-áirítear soláthraithe nua a aimsiú, próisis táirgthe a choigeartú, agus bearta rialaithe cáilíochta nua a chur chun feidhme. Féadfaidh na hathruithe sin a bheith casta agus am-íditheach, rud a d'fhéadfadh roinnt monaróirí a chur ón aistriú a dhéanamh.
- **Tá easpa feasacht tomhaltóirí ann:**
Mura bhfuil eolas maith ag tomhaltóirí faoi na buntáistí a bhaineann le táirgí atá éiceabhácha, b'fhéidir nach mbeidh siad sásta praghsanna níos airde a íoc orthu. D'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar mhonaróirí infheistíocht a dhéanamh in ábhair inbhuanaithe má chreideann siad go bhfuil feasacht agus éileamh na dtomhaltóirí ró-íseal chun údar a thabhairt leis na costais bhreise a bhaineann le táirgeadh.
- **Is féidir le cuideachtaí fócas gearrthéarmach a bheith acu ar choigilteas costais:**
D'fhéadfadh roinnt cuideachtaí tús áite a thabhairt do bhrabúis ghearrthéarmacha thar spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil fadtéarmacha. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na cuideachtaí sin sásta infheistíocht a dhéanamh in ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá níos costasaí má fheictear dóibh gur mó na costais ghearrthéarmacha ná na tairbhí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tá an Banc Ceannais Eorpach (ECB) buartha faoi na rátaí boilscithe i limistéar an euro.<br>Mínigh an fáth a bhfuil BCE (ECB i mBéarla) buartha faoi rátaí boilscithe, dar leat.<br><br>**<u>Míniú:</u>**<br><br>• **Tá sainordú maidir le cobhsaíocht praghsanna ag an BCE:**<br>Is é príomhchuspóir an BCE cobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun sa limistéar euro, a shainmhínítear mar ráta boilscithe gar do 2%, ach faoina bhun, sa mheántéarma. Tá an ráta boilscithe reatha i bhfad níos mó ná an sprioc sin agus léiríonn sé caillteanas cobhsaíochta praghsanna.<br><br>• **Laghdaítear an cumhacht cheannaigh:**<br>Mar gheall ar an mboilsciú ard reatha, laghdaítear cumhacht cheannaigh thomhaltóirí an limistéir euro, rud a fhágann go laghdaítear a bhfíorioncam agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar a gcaighdeán maireachtála. D'fhéadfadh laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí a bheith mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar fhás eacnamaíoch.<br><br>• **D'fhéadfadh sé go méadódh an éiginnteacht eacnamaíoch:**<br>Is féidir le boilsciú ard éiginnteacht a chruthú i ngeilleagar an limistéir euro, toisc go bhféadfadh sé a bheith deacair do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí pleanáil agus cinntí fadtéarmacha a dhéanamh. D'fhéadfadh laghdú ar infheistíocht, fás eacnamaíoch níos ísle, agus luaineacht mhéadaithe sna margaí airgeadais a bheith mar thoradh ar an éiginnteacht sin.<br><br>• **D'fhéadfadh go mbeadh tionchar níos mó aige ar earnálacha níos boichte sa tsochaí:**<br>D'fhéadfadh iarmhairtí athdháilte diúltacha a bheith ag an ráta ard boilscithe reatha sa limistéar euro, toisc go bhféadfadh sé dul i bhfeidhm go díréireach ar ghrúpaí áirithe, amhail iad siúd ar ioncam seasta nó iad siúd a bhfuil sócmhainní airgeadais teoranta acu. D'fhéadfadh méadú ar éagothroime ioncaim agus b'fhéidir corraíl shóisialta fiú a bheith mar thoradh air sin.<br><br>• **Is féidir le boilsciú ard dochar a dhéanamh d'iomaíochas:**<br>Má bhíonn na rátaí boilscithe sa limistéar euro níos airde ná na cinn i ngeilleagair mhóra eile, m.sh. na Stáit Aontaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh earraí agus seirbhísí an limistéir euro níos costasaí, rud a laghdódh easpórtálacha agus a dhéanfadh dochar d'iomaíochas ghnólachtaí an limistéir euro.<br><br>• **D'fhéadfadh bís praghsanna/phá tarlú:**<br>D'fhéadfadh bís praghsanna/phá a bheith mar thoradh ar rátaí marbh-bhoilscithe mar atá faoi láthair, i gcás go n-éilíonn oibrithe pá níos airde chun coinneáil suas le praghsanna ardaithe, agus ina n-ardaíonn gnólachtaí na praghsanna chun costais mhéadaithe saothair a chlúdach. D'fhéadfadh fáinne fí a bheith mar thoradh air sin a mhéadódh an boilsciú tuilleadh.<br>I mí an Mhárta 2023, b'ionann ráta dífhostaíochta an limistéir euro agus 6.5%, an leibhéal b'ísle riamh, rud a d'fhéadfadh brú aníos a chur ar phá freisin. | **4** |

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marcanna |
|---|---|---|---|
| **Ceist 14** | | | |
| **(a)** 28 | | Léirítear sa chairt thíos leibhéil mheasta chaiteachais Rialtas na hÉireann i roinnt réimsí in 2023.  Arna chur in oiriúint ón Roinn Airgeadais | |
| | **(i)** | Úsáid na figiúirí sa chairt thuas agus freagair na ceisteanna seo a leanas. **Taispeáin do chuid oibre go léir.** | |
| | | Ríomh cé mhéad a bhí beartaithe ag an rialtas a chaitheamh san **iomlán**, ina €bn, sna 5 réimse thuas. €23.4bn + €9.63bn + €3.91bn + €3.98bn + €3.30bn = €44.22 billiún (-1 ar easnamh bn **agus** -1 ar easnamh €) | 12 5 x 1 + 7 |
| | | Úsáid do fhreagra ar (i) thuas agus ríomh cén céatadán (%) de chaiteachas iomlán an rialtais a bhí beartaithe a chaitheamh ar an **Oideachas**. $\frac{€9.63\text{bn}}{€44.22\text{bn}} \times 100 = 21.78\%$ (- 1 as % a fhágáil ar lár) | 8: 3 x 1 + 5 |
| | **(ii)** | Meastar go ndéanfaidh Éire ranníocaíocht €2 billiún le buiséad an AE in 2024. Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a ndéanann rialtas na hÉireann **ranníocaíocht leis an Aontas**. <br>• **Chun cuidiú le fás agus comhtháthú eacnamaíoch a bhaint amach:** Bhain Éire an-tairbhe as a ballraíocht san Aontas Eorpaigh, rud a chuidigh le geilleagar na tíre fás agus feabhas a chur ar a bonneagar. Trí ranníocaíochtaí a dhéanamh le buiséad an Aontais, tacaíonn Éire le tionscnaimh agus cláir atá dírithe ar fhás eacnamaíoch a chothú agus ar éagothroime idir réigiúin sa Aontas a laghdú. Mar shampla, le linn Covid-19, ghníomhaigh an tAontas chun cosc a chur ar scaipeadh an víris, chun tacú le córais náisiúnta sláinte, agus chun dul i ngleic le tionchar socheacnamaíoch na paindéime. | 4 |

<table>
<tr><td></td><td></td><td>
<ul>
<li>Chun rochtain ar an margadh aonair a chinntiú:<br>Éascaíonn margadh aonair an AE saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine i measc na mBallstát. Trí ranníocaíochtaí a dhéanamh le buiséad an AE, is féidir le hÉirinn a bheith rannpháirteach sa mhargadh aonair agus leas a bhaint as, agus bhí sé sin ina thoisc suntasach ina fhorbairt eacnamaíoch.</li>
<li>Chun tacaíochtaí a fháil… do thalmhaíocht / foraoiseacht / bonneagar na hÉireann:<br>Tá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) ina chuid mhór de bhuiséad an AE. Bhain earnáil talmhaíochta/agraibhia/foraoiseachta na hÉireann tairbhe mhór as fóirdheontais agus tacaíochtaí CBT, rud a chuireann le cobhsaíocht agus inbhuanaitheacht na hearnála.</li>
<li>Chun cuidiú le taighde agus nuálaíocht a mhaoiniú:<br>Maoiníonn buiséad an AE cláir thaighde agus nuálaíochta éagsúla, amhail Fís Eorpach. Trí ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an mbuiséad, tugtar rochtain d'Éirinn ar chláir mhaoiniúcháin dá leithéid, a chuireann chun cinn dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíochta, a threisíonn iomaíochas, agus a chuidíonn le poist a chruthú.</li>
<li>Chun cuidiú le spriocanna comhshaoil agus aeráide a mhaoiniú:<br>Tacaíonn buiséad an AE le beartais agus le tionscnaimh atá dírithe ar an gcomhshaol a chosaint agus ar an athrú aeráide a chomhrac, lena n-áirítear an Margadh Glas Eorpach. Cuidíonn ranníocaíochtaí na hÉireann leis na spriocanna sin a chur chun cinn, spriocanna atá ríthábhachtach d'fholláine agus d'inbhuanaitheacht a cuid saoránach reatha agus na nglúnta atá le teacht.</li>
<li>Chun cuidiú e cuimsiú sóisialta agus oideachas a chur chun cinn:<br>Cuireann cláir arna maoiniú ag an AE, amhail Erasmus+, cuimsiú sóisialta, oideachas agus malartuithe cultúrtha chun cinn i measc na mBallstát. Trí ranníocaíocht a dhéanamh leis an mbuiséad, tacaíonn Éire leis na tionscnaimh sin a théann chun tairbhe a cuid saoránach, go háirithe an óige.</li>
<li>Chun slándáil agus beartas eachtrach a neartú:<br>Cuidíonn ranníocaíochtaí bhuiséad an AE lena chumais slándála agus beartais eachtraigh a neartú, rud a éascaíonn na comhiarrachtaí i réimsí amhail an chosaint, an fhrithsceimhlitheoireacht agus bainistiú imirce. Treisíonn sé sin slándáil agus tionchar domhanda na hÉireann féin.</li>
<li>Chun muinín na hÉireann i ndlúthpháirtíocht Eorpach agus i gcomhluachanna Eorpacha a léiriú:<br>Mar bhall den Aontas, roinneann Éire na luachanna céanna amhail an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta. Trí ranníocaíochtaí a dhéanamh le buiséad an AE, léiríonn Éire a tiomantas do na luachanna sin a chur in iúl agus tacú le comhiarracht na mBallstát síocháin agus rathúnas a chur chun cinn san Eoraip agus níos faide i gcéin.</li>
</ul>
</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(iii)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar an rud is brí leis an téarma eacnamaíochta fiachas náisiúnta.<br><br>Méid iomlán / carnach na n-iasachtaí rialtais (baile agus eachtrannach) atá gan íoc / dlite / le híoc.<br>De réir NTMA, ba é €235.9bn ollfhiachas náisiúnta na hÉireann ag deireadh mhí Aibreáin 2023. Tá sé sin ar cheann de na hualaí fiachais per capita is airde ar domhan.</td><td>4</td></tr>
</table>

| (b) | | | |
|---|---|---|---|
| 21 | | Is é ráta caighdeánach na cánach breisluacha (CBL) ar earraí agus ar sheirbhísí in Éirinn ná 23%. I gcás earraí áirithe, ar a n-áirítear bainne, arán, leabhair, éadaí do pháistí agus áiseanna míchumais, is 0% an ráta CBL. | |
| | (i) | Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a ngearrann an rialtas CBL ar ráta 0% ar an raon earraí atá luaite thuas.<br><br>• **Chun tacú le bunriachtanais:**<br>Is príomhbhia iad bainne agus arán a sholáthraíonn cothaithigh riachtanacha do dhaoine aonair agus do theaghlaigh. Trí ráta CBL 0% a chur i bhfeidhm ar na hearraí sin, cinntíonn an rialtas go mbeidh siad inacmhainne i gcónaí, rud a fhágann go mbeidh sé níos éasca do shaoránaigh na hÉireann bunchaighdeán maireachtála a bheith acu agus é a choinneáil ar bhun.<br><br>• **Chun oideachas agus litearthacht a chur chun cinn:**<br>Tá leabhair ríthábhachtach don oideachas, d'fhorbairt phearsanta, agus chun sochaí eolasach a chur chun cinn. Cuidíonn an ráta CBL 0% ar leabhair a gcuid praghsanna a ísliú, bíonn siad níos inrochtana do réimse níos leithne saoránach agus spreagann sé léitheoireacht agus litearthacht.<br><br>• **Chun an t-ualach airgeadais ar theaghlaigh a mhaolú:**<br>Is féidir le héadaí leanaí a bheith ina gcostas suntasach do theaghlaigh, go háirithe teaghlaigh ar ioncam íseal. Trí ráta CBL 0% a chur i bhfeidhm, cuidíonn an rialtas leis an ualach airgeadais ar theaghlaigh a laghdú agus cinntíonn sé go mbeidh rochtain ag leanaí ar éadaí riachtanacha.<br><br>• **Chun cuimsiú sóisialta a chothú:**<br>Tá saoráidí míchumais, amhail cathaoireacha rothaí agus áiseanna éisteachta, bunriachtanach do dhaoine aonair faoi mhíchumas chun go mbeidh ábalta saol neamhspleách acu agus bheith páirteach go hiomlán sa tsochaí. Cuidíonn an ráta CBL 0% ar na hearraí sin lena gcostas a laghdú, bíonn siad níos inrochtana agus cuireann sé cuimsiú sóisialta chun cinn.<br><br>• **Chun éagothroime ioncaim / bochtaineacht a laghdú:**<br>Trí ráta CBL 0% a chur i bhfeidhm ar earraí agus ar sheirbhísí bunriachtanacha, cuidíonn sé go ginearálta le cineál aischéimnitheach CBL a mhaolú, rud a d'fhéadfadh tionchar díréireach a bheith aige ar theaghlaigh ar ioncam íseal in Éirinn. Tríd an ualach cánach ar na hearraí sin a ísliú, cuireann an rialtas dáileadh níos cothroime acmhainní chun cinn sa tsochaí. | 7 |
| | (ii) | Cuir in iúl le tic (✓) thíos cé acu atá CBL ina shampla de cháin dhíreach **nó** de cháin indíreach.Mínigh do rogha.<br><br>Cáin dhíreach: —<br>Cáin indíreach: ✓<br><br>**<u>Míniú:</u>**<br><br>Is éard is CBL ann ná cáin ar chaiteachas / ar earraí agus ar sheirbhísí.<br>Gearrtar é ar an tomhaltóir / úsáideoir agus bailítear é trí thríú páirtí. | 7 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | I mí Feabhra 2023, d'fhógair an rialtas go mbeadh an ráta CBL 9% do thionscal na turasóireachta agus an fháilteachais á ardú ar ais go dtí 13.5% arís ón 1 Meán Fómhair 2023.<br><br>An aontaíonn tú gur cheart go mbeadh ráta CBL 13.5% á ghearradh ar thionscal na turasóireachta agus an fháilteachais? Mínigh do fhreagra.<br><br>**<u>AONTAÍM Míniú:</u>**<br><br>• **Cailltear roinnt ioncam cánach leis an státchiste:** D'fhéadfadh laghdú ar ioncam cánach don rialtas a bheith mar thoradh ar ráta CBL níos ísle de 9% don tionscal turasóireachta agus fáilteachais. D'fhéadfadh sé sin teorainn a chur le cumas an rialtais seirbhísí poiblí riachtanacha a mhaoiniú, amhail tithíocht, gníomhaíocht ar son na haeráide, cúram sláinte, oideachas agus forbairt bonneagair.<br><br>• **Is cáin aischéimnitheach é CBL:** Cáin ar chaiteachas is ea CBL, agus d'fhéadfadh ráta níos ísle de 9% don tionscal turasóireachta agus fáilteachais dul chun tairbhe go díréireach do shaoránaigh ar ioncam níos airde a bhfuil an acmhainn acu níos mó airgid a chaitheamh ar fhóillíocht agus ar thaisteal. D'fhéadfadh sé sin an éagothroime ioncaim agus an cineál cúlchéimnitheach CBL in Éirinn a dhéanamh níos measa.<br><br>• **Déantar comharthaí margaidh a shaobhadh:** D'fhéadfadh ráta CBL níos ísle de 9% do thionscal ar leith comharthaí margaidh a shaobhadh agus buntáistí éagóracha a chruthú do ghnólachtaí áirithe. D'fhéadfadh leithdháileadh neamhéifeachtúil acmhainní a bheith mar thoradh air sin, toisc go bhféadfadh gnólachtaí sna hearnálacha is fabhraí sciar díréireach den infheistíocht agus den chaiteachas tomhaltóirí a fháil.<br><br>• **D'fhéadfadh éifeachtacht theoranta a bheith ag baint leis:** Ní gá go mbeadh méadú ar thurasóireacht in Éirinn mar thoradh ar ráta CBL 9% má bhíonn tosca eile ann, amhail rátaí malairte euro le hairgeadraí móra eile, cobhsaíocht pholaitiúil, agus tosca eacnamaíocha geopholaitiúla domhanda, ina spreagthaí níos suntasaí don turasóireacht.<br><br>**<u>EASAONTAÍM Míniú:</u>**<br><br>• **Spreagtar turasóireacht:** Le ráta CBL 9% ar sheirbhísí turasóireachta agus fáilteachais, is féidir ceann scríbe níos tarraingtí agus níos inacmhainne a dhéanamh d'Éirinn do thurasóirí intíre agus eachtrannacha. Is féidir le turasóireacht mhéadaithe ioncam suntasach a ghiniúint don státchiste, toisc go gcaitheann cuairteoirí airgead ar lóistín, ar bhia / ar dheochanna, ar nithe is díol spéise agus ar sheirbhísí eile.<br><br>• **Treisítear iomaíochas:** Is féidir le ráta CBL 9% cuidiú le tionscal turasóireachta agus fáilteachais na hÉireann a dhéanamh níos iomaíche i gcomparáid le tíortha máguaird a bhfuil rátaí CBL níos airde acu. D'fhéadfadh sé sin níos mó turasóirí idirnáisiúnta a mhealladh, rud a fhágann go mbeidh éileamh méadaithe ar sheirbhísí agus ar tháirgí áitiúla.<br><br>• **Tacaíonn sé le gnólachtaí áitiúla:** Is féidir le ráta CBL 9% cuidiú le costais oibriúcháin a laghdú do ghnólachtaí sa tionscal turasóireachta agus fáilteachais, amhail óstáin agus bialanna - go háirithe nuair atá boilsciú ard ann. D'fhéadfadh sé sin a chur ar chumas na ngnólachtaí sin níos mó infheistíochta a dhéanamh ina saoráidí, seirbhísí agus lucht saothair, ag cur fás agus inbhuanaitheacht chun cinn san earnáil. | **7** |

- **Cruthaítear poist:**
  Fostaíonn an tionscal turasóireachta agus fáilteachais os cionn 200,000 duine in Éirinn, agus is post séasúrach nó páirtaimseartha go leor díobh. D'fhéadfadh ráta CBL 9% gnólachtaí a spreagadh lena ngnólacht a mhéadú, rud a chruthóidh níos mó deiseanna fostaíochta agus a thacóidh le pobail áitiúla, go háirithe i gceantair thuaithe.
- **Spreagtar fás eacnamaíoch:**
  Is féidir le tionscal turasóireachta agus fáilteachais atá ag déanamh go maith torthaí iarmhartacha a bheith aige ar earnálacha eile den gheilleagar, amhail iompar, miondíol agus talmhaíocht. Le ráta CBL 9%, is féidir leis an rialtas cuidiú leis an bhfás eacnamaíoch foriomlán a spreagadh agus ioncam cánach ó fhoinsí eile a mhéadú.
- **Cuirtear ár n-oidhreacht chultúrtha chun cinn:**
  Is féidir le ráta CBL 9% níos mó daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar oidhreacht shaibhir chultúrtha na hÉireann agus sult a bhaint astu, láithreáin stairiúla, músaeim agus féilte áitiúla san áireamh. Is féidir leis seo cuidiú le cultúr agus traidisiúin na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

**(c)** Sa tábla thíos, léirítear trádáil earraí na hÉireann in 2021.

**26**

| Easpórtálacha | Iompórtálacha |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe €18.1 billiún | An Ríocht Aontaithe €19.5 billiún |
| Na Stáit Aontaithe €52.6 billiún | Na Stáit Aontaithe €18.1 billiún |
| An tAontas Eorpach €61.7 billiún | An tAontas Eorpach €34.6 billiún |
| An Chuid Eile den Domhan €33.3 billiún | An Chuid Eile den Domhan €31.5 billiún |
| **Easpórtálacha Iomlána €165.7 billiún** | **Iompórtálacha Iomlána €103.7 billiún** |

Arna chur in oiriúint ón POS

**(i)** Úsáid an t-eolas sa tábla thuas agus ríomh comhardú trádála na hÉireann in 2021.
Cuir in iúl le tic cé acu an barrachas nó easnamh a bhí ann.
**Taispeáin do chuid oibre go léir.** Mínigh do fhreagra.

**16**
**4 x 3**

**Obair:**

Comhardú na trádála: Easpórtálacha iomlána - Iompórtálacha iomlána

Comhardú na trádála: €165.7bn – €103.7bn = €62bn

*( -1m ar easnamh € nó bn)*

Freagra: €62bn_ Barrachas: ✓ nó Easnamh: ☐

Is barrachas é Comhardú na Trádála toisc gur mó na heaspórtálacha ná na hiompórtálacha. **4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil **easpórtálacha** tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.<br><br>• **Is féidir le heaspórtálacha cuidiú le fostaíocht a chruthú:**<br>Má bhíonn líon na n-easpórtálacha níos mó ná líon na n-iompórtálacha ann, ciallaíonn sé sin<br>éileamh méadaithe thar lear ar earraí a tháirgtear in Éirinn, rud a fhágann go dtiocfaidh méadú ar an bhfostaíocht go díreach agus go hindíreach ó ghnólachtaí atá dírithe ar easpórtáil.<br><br>• **Méadaíonn easpórtálacha díolacháin / brabúis do ghnólachtaí intíre:**<br>Má bhíonn líon na n-easpórtálacha níos mó ná líon na n-iompórtálacha, d'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin go méadóidh gnólachtaí intíre a ndíolachán/brabúis trína n-aschur barrachais a easpórtáil chuig margadh eachtrach / d'fhéadfadh barainneachtaí scála a ghiniúint.<br><br>• **Is féidir le heaspórtálacha fás eacnamaíoch a mhéadú:**<br>D'fhéadfadh ioncam méadaithe laistigh den tír a bheith mar thoradh ar an airgead a fhaightear ó easpórtálacha (a insteálltar isteach sa sreabhadh ciorclach ioncaim).<br><br>• **Is féidir le heaspórtálacha na tuairisceáin chánach chuig státchiste na hÉireann a mhéadú:**<br>Ginfidh gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe ioncam cánach méadaithe don rialtas e.g. CBL / ÍMAT / CC/ ar féidir é a úsáid chun seirbhísí poiblí agus tionscadail bhonneagair a mhaoiniú.<br><br>• **Is féidir le heaspórtálacha infheistíocht a mhealladh:**<br>Méadóidh feidhmíocht láidir easpórtála muinín i ngeilleagar na hÉireann agus d'fhéadfadh sé cuidiú tuilleadh le hinfheistíochta dhíreach choigríche (IDC) a mhealladh go hÉirinn. Is féidir cruthú post, aistrithe teicneolaíochta agus táirgiúlacht mhéadaithe a bheith mar thoradh ar infheistíocht dhíreach eachtrach.<br><br>• **D'fhéadfadh speisialtóireacht agus buntáistí comparáideacha a bheith mar thoradh ar easpórtálacha:**<br>Trí dhíriú ar táirgí agus seirbhísí a easpórtáil a bhfuil buntáiste comparáideach ag Éirinn maidir leo, is féidir le hÉirinn a cuid acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach agus a feidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán a uasmhéadú.<br><br>• **D'fhéadfadh easpórtálacha an caidreamh idirnáisiúnta a fheabhsú:**<br>Is féidir le hearnáil láidir easpórtála cáil idirnáisiúnta na hÉireann agus an caidreamh taidhleoireachta a neartú, rud a mbeidh méadú ar chomhoibriú agus ar rochtain fhéideartha ar mhargaí nua mar thoradh air. | **1 x 6**<br><br>**1 x 4** |

| | | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| | | **Ceist 15** | |
| **(a)** 20 | | Comhlánaigh an tábla agus **ainmnigh** nó **mínigh** gach toisc tháirgeachta. | **20:** 3 x 5 agus 1 x 3 1 x 2 |

| Sampla | Ainm Tosca Táirgeachta | Míniú ar Tosca Táirgeachta |
|---|---|---|
| **Innealra Feirme** | **Caipiteal** | |
| **Oibrithe feirme** | **Saothar** | |
| **Úinéirí feirme** | **Fiontraíocht** | An té a théann san fhiontar maidir leis an bhfeirm a chur ar bun chun brabús a dhéanamh. |
| **Talamh feirme** | | Aon rud a sholáthraíonn an dúlra a chuidíonn le haschur a tháirgeadh ón bhfeirm.<br><br>An talamh ar a bhfuil an fheirm suite / tógtha. |

**(b)** **30**

Sa léaráid thíos léirítear cuar an éilimh agus cuar an tsoláthair i gcás aschur fheirmeacha na hÉireann.

**15**
**3 x 5**




Tháinig ardú 97.7% ar praghas an leasacháin in Éirinn sa 12 mhí go Deireadh Fómhair 2022.

Arna chur in oiriúint ón POS

**(i)** Dá bharr sin chuaigh praghas méadaithe an leasacháin i bhfeidhm ar an soláthar i gcás aschur feirmeacha in Éirinn. Taispeáin tionchar na forbartha seo ar **an léaráid thuas.**

**(ii)** Mínigh do fhreagra.

**<u>Míniú:</u>** **9**

- Toisc go bhfuil méadú tagtha ar an **gcostas ar leasachán**, b'éigean do go leor feirmeoirí úsáid na leasachán a laghdú chun speansais a laghdú.
- Tá an **táirgeacht barr níos ísle ar fheirmeacha** mar thoradh ar an laghdú ar úsáid leasacháin.
- Dá bhrí sin, aistrítear **cuar an tsoláthair ar chlé** ó $S_1$ go $S_2$ chun teacht leis an laghdú ar aschur na feirme.
- Tá cothromaíocht nua sa mhargadh anois atá ag cruthú **praghas nua cothromaíochta níos airde** ($Pe_2$) agus **cainníocht nua cothromaíochta níos ísle** ($Qe_2$).

**(iii)** Is féidir bainne almóinní a rangú mar earra ionaid do bhainne bó. **6**
Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta **earra ionaid.**

Is féidir bainne almóinne a aicmiú mar ionadach do bhainne bó mar is féidir é a úsáid mar rogha eile neamhdhéiríochta in ionad bainne bó in go leor feidhmeanna éagsúla.

Earra a chomhlíonadh an riachtanas céanna le hearra eile.

Earra is féidir a ithe/ól/ a úsáid in ionad earra eile.

Earraí is féidir a úsáid mar roghanna eile ar a chéile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)** 25 | **(i)** | Úsáid an fhoirmle thíos agus ríomh **praghasleaisteachas** an éilimh do thomhaltóirí nuair a athraíonn praghas barra seacláide de bharr méadú ar chostais táirgthe.**Taispeáin do chuid oibre go léir.** | |

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P1 + P2}{Q1 + Q2}$$

| | Barraí seacláide | Praghas (€) |
|---|---|---|
| Roimh an méadú | 90 barra | 100 cent |
| I ndiaidh an mhéadaithe | 50 barra | 140 cent |
| **Athruithe** | **- 40 barra** | **+ 40 cent** |

Obair:

$$\frac{-40}{+40} \times \frac{100 + 140 \quad (240)}{90 + 50 \quad\quad (140)}$$

Freagra: -1.71 *( -2 as easnamh an chomhartha – )*

**20: 10 x 2**

**(ii)** Cuir in iúl cé acu an **praghasleaisteach** nó **praghas-neamhleaisteach** atá an t-éileamh ar bharra seacláide. Mínigh do fhreagra. **5**

Freagra: Éileamh raghasleaisteach

Míniú:

Tá an freagra níos mó ná 1 i ndearbhthéarmaí.
Mar gheall ar an athrú céatadáin ar phraghas an táirge, tá athrú céatadáin níos mó ar chainníocht éileamh an táirge.
Le gach laghdú 1% ar an bpraghas tháinig méadú 1.71% ar an gcainníocht a éilítear.

| | | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **Ceist 16** | | | |
| **(a)** | | De réir na Náisiún Aontaithe, shroich daonra an domhain 8 mbilliún in 2022. | |
| 27 | **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil daonra an domhain tar éis fás chomh tapa sin ó 1804, dar leat.<br>• **Sáraíonn an ráta breithe an ráta báis:**<br>Toisc go sáraíonn an ráta breithe an ráta báis tá méadú nádúrtha tagtha ar dhaonra an domhain.<br>• **Feabhsuithe ar chúram sláinte / Méadú ar an ionchas saoil:**<br>Mar gheall ar dhul chun cinn i dteicneolaíocht cúraim sláinte agus sa leigheas níl a oiread daoine ag fáil bháis de bharr tinnis. Mar gheall ar aimsiú agus infhaighteacht fhorleathan vacsaíní agus antaibheathach, fuarthas réidh le go leor galar amhail an bhruitíneach agus an eitinn. Leis an dul chun cinn i gcúram sláinte agus caighdeáin fheabhsaithe maireachtála, tá daoine ag maireachtáil níos faide.<br>• **Dul chun cinn i gcórais sláintíochta:**<br>Le cur chun feidhme córas sláintíochta nua-aimseartha agus feasacht mhéadaithe ar chleachtais sláinteachais,cuireadh leis an laghdú ar leathadh na ngalar marfach.<br>• **Táirgiúlacht mhéadaithe talmhaíochta:**<br>De bharr cleachtais talmhaíochta feabhsaithe tá níos lú gortaí ann. Mar gheall ar ghlacadh innealra amhail tarracóirí agus comhbhainteoirí, tá an fheirmeoireacht níos éifeachtúla agus níos táirgiúla chun líon i bhfad níos mó daoine a chothú. Le leasacháin agus lotnaidicídí feabhsaithe, tá méadú tagtha ar chosaint agus táirgeacht barr rud a mhéadaíonn an soláthar bia<br>• **Imirce idirnáisiúnta:**<br>Sna réigiúin forbartha, is iad na leibhéil arda imirce idirnáisiúnta is cúis leis an bhfás daonra den chuid is mó.<br>• **An Réabhlóid Thionsclaíoch:**<br>Leis an athrú ó shochaithe talmhaíochta go sochaithe tionsclaíochta, cruthaíodh deiseanna fostaíochta nua, as a dtagann uirbiú agus caighdeáin mhaireachtála níos airde.<br>• **Rochtain fheabhsaithe ar oideachas:**<br>Mar thoradh ar rochtain fhorleathan ar oideachas agus ar fhaisnéis tá pleanáil clainne níos fearr agus feasacht níos fearr ar chleachtais sláinte ann.<br>• **Idirnascthacht dhomhanda mhéadaithe:**<br>D'éascaigh dul chun cinn teicneolaíochta san iompar agus sa chumarsáid trádáil idirnáisiúnta, imirce agus comhroinnt smaointe, rud a chuir le fás an daonra dhomhanda tuilleadh.<br>• **Dearcadh cultúrtha ar an riachtanas do leanaí:**<br>Déanann roinnt tíortha, mar gheall ar thosca reiligiúnacha / eacnamaíocha, mná a spreagadh chun níos mó leanaí a bheith acu. | **9** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | I roinnt tíortha, tá go leor daoine os cionn 65 bliain d'aois ag súil le bheith mar chuid den dream "**nach bhfuil éirithe as**", i.e. **teastaíonn uathu filleadh ar an obair.**<br><br>Arna chur in oiriúint ó the Irish Times<br><br>Tabhair breac-chuntas ar thionchar amháin ar gheilleagar na hÉireann dá bhfillfeadh níos daoine os cionn 65 bliain d'aois ar an obair.<br><br>• **D'fhéadfadh sé go n-ardódh na leibhéil fostaíochta / Méadú ar ioncam cánach:** Agus níos mó daoine os cionn 65 bliain d'aois ag filleadh ar an lucht oibre, is dócha go bhfeicfimid borradh sa táirgiúlacht eacnamaíoch agus líon níos airde fostaithe.<br>• **Laghdóidh an cóimheas spleáchais:** Agus níos mó saoránaigh scothaosta ag obair, tiocfaidh laghdú ar an gcóimheas spleáchais (líon na ndaoine sin nach bhfuil in aois fostaíochta i gcomparáid leo siúd atá in aois fostaíochta). Cuideoidh sé sin le laghdú a dhéanamh ar chaiteachas an rialtais ar chosaint shóisialta, rud a fheabhsóidh inbhuanaitheacht fhioscach.<br>• **D'fhéadfadh méadú teacht ar chaiteachas tomhaltóirí ag seanóirí:** Beidh ioncam indiúscartha níos airde ag saoránaigh níos sine a fhillfidh ar an obair, rud mbeidh caiteachas tomhaltóirí níos airde mar thoradh air. D'fhéadfadh sé sin fás eacnamaíoch a spreagadh agus timthriall dearfach éilimh agus táirgthe chruthú.<br>• **Aistreofar scileanna agus eolas:** Tugann na daoine "nach bhfuil éirithe as, scileanna agus eolas luachmhar don lucht saothair. D'fhéadfadh sé sin nuálaíocht a chothú, táirgiúlacht a fheabhsú, agus cuimhne institiúideach a choinneáil in eagraíochtaí.<br>• **D'fhéadfadh sé brú a chur ar oibrithe níos óige agus deiseanna fostaíochta:** D'fhéadfadh go méadódh na daoine "nach bhfuil éirithe as" an iomaíocht do phoist, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos deacra d'oibrithe níos óige fostaíocht a fháil nó dul ar aghaidh ina ngairmeacha beatha. D'fhéadfadh impleachtaí diúltacha a bheith aige sin ar fhás pá agus éagothroime saibhris ó ghlúin go glúin. | **9** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tá daonra na hÉireann ag dul in aois níos tapa ná áit ar bith eile san Eoraip. Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíoch amháin a bheidh aige seo ar Rialtas na hÉireann.<br><br>• **Méadú ar chostais pinsean:**<br>Ní mór don rialtas pleanáil a dhéanamh maidir le pinsin mhéadaithe a mhaoiniú amach anseo .i. cánachas a mhéadú, teidlíochtaí pinsin a athrú srl.<br><br>• **Éilimh mhéadaithe ar an gcóras cúraim sláinte:**<br>Agus an daonra ag dul in aois ní mór don rialtas pleanáil a dhéanamh chun maoiniú méadaithe a sholáthar don chóras cúraim sláinte chun déileáil lena úsáid mhéadaithe.<br><br>• **Méadú ar ioncam cánach:**<br>De réir mar a théann daoine in aois, d'fhéadfadh sé go méadódh a leibhéal caiteachais toisc go bhféadfadh sé go mbeadh níos mó ioncam lánroghnach acu agus d'fhéadfadh méadú teacht ar ioncam ó na cánacha indíreacha a bhailítear ón gcaiteachas sin a dhéanann daonra atá ag fás.<br><br>• **Brú ar sholáthar seirbhísí stáit / ar bhonneagar:**<br>Méadóidh an t-éileamh ar na seirbhísí sin do dhaoine scothaosta agus d'fhéadfadh sé sin an t-éileamh ar an mbonneagar cuí a mhéadú .i. cóiríocht; cúram sláinte; cúram do dhaoine scothaosta – lucht saothair atá curtha in oiriúint dá riachtanais srl.<br><br>• **D'fhéadfadh sé go méadódh an t-ualach cánach dóibh siúd atá fós sa lucht saothair:**<br>D'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an rialtas a phleanáil gur cheart maoiniú don daonra atá ag dul in aois a mhaoiniú ó mhéaduithe ar an gcánachas reatha – rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar cháiníocóirí reatha. | **9** |

<table>
<tr><td>(b)<br><br>28</td><td></td><td>Anuraidh bailíodh €22.6bn i gCáin Chorparáide, ardú nach mór 50% ar an mbliain roimhe sin – den chéad uair riamh, seo an dara foinse is mó d'ioncam cánach.<br>Arna chur in oiriúint ó gov.ie</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(i)</td><td>Anois tá an Cháin Chorparáide ar an dara foinse ioncaim cánach is mó in Éirinn. Tabhair breac-chuntas ar riosca féideartha amháin ón bhforbairt seo do gheilleagar na hÉireann.<br><br>• An riosca go mbeidh CPT ina fhoinse shealadach ioncaim:<br>Má bhraitear go mór ar ioncam cánach corparáide, a d'fhéadfadh a bheith ina ioncam sealadach, d'fhéadfadh sé go méadódh an luaineacht eacnamaíoch in Éirinn. Ós rud é go bhfuil brabúis chorparáideacha faoi réir timthriallta gnó agus dálaí eacnamaíocha domhanda a bhíonn ag athrú, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag cor chun donais sa gheilleagar domhanda nó i dtionscal ar leith ar ioncam cánach na hÉireann, rud a d'fhéadfadh easnaimh bhuiséid agus ciorruithe ar an gcaiteachas poiblí a chruthú.<br>• An baol go dtiocfadh athruithe ar bheartais chánach dhomhanda:<br>D'fhéadfadh tionchar a bheith ag athruithe ar bheartais cánach idirnáisiúnta, amhail tabhairt isteach beartaithe íosráta cánach corparáide domhanda de 15% nó athruithe eile ar chonarthaí cánach, ar tharraingteacht na hÉireann mar dhlínse ísealchánach. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé de thoradh air sin go n-aistreodh corparáidí ilnáisiúnta a mbrabúis go háit éigin eile, rud a laghdódh tuairisceán cánach corparáide na hÉireann.<br>• Riosca comhchruinnithe:<br>Tagann beagnach 60% d'ioncam cánach corparáide na hÉireann ó 10 gcuideachta ilnáisiúnta, sna tionscail teicneolaíochta agus chógaisíochta den chuid is mó. Fágann sin go bhfuil geilleagar na hÉireann ag éirí níos leochailí i gcónaí i leith suaití a théann i bhfeidhm ar na cuideachtaí nó na tionscail sin. D'fhéadfadh drochthionchar, amhail scannail chorparáideacha, athruithe rialála, nó cor chun donais sa tionscal, dul i bhfeidhm go díréireach ar ioncam cánach agus ar gheilleagar na hÉireann ina iomláine.</td><td>10</td></tr>
<tr><td></td><td>(ii)</td><td>Tá ráta cánach corparáide na hÉireann ar tí ardú ó 12.5% go 15% mar chuid de shocrú domhanda. Arna chur in oiriúint ó the Irish Times.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr an mhéadaithe seo ar ráta na cánach corparáide.<br><br>Buntáiste eacnamaíochta:<br>• Tuilleadh ioncaim a thiomsú don rialtas:<br>Toisc go n-ardóidh an ráta ó 12.5% go 15% ba cheart go dtiocfadh níos mó ioncaim don rialtas as sin<br>• Gan CC na hÉireann a bheith á cháineadh a oiread ar fud an domhain:<br>Déantar an córas CC in Éirinn a cháineadh go rialta ar bhonn idirnáisiúnta agus mar sin dá ndéanfaí an ráta a ardú le teacht níos mó le tíortha eile, d'fhéadfadh sé nach gcáinfí é a oiread agus go dtiocfadh feabhas ar íomhá na hÉireann thar lear.<br>• Comhchuibhiú cánacha ag an Aontas:<br>Ceann d'aidhmeanna an Aontais ná cánacha a chomhchuibhiú ar fud bhallstáit an Aontais.  Beidh sé ina chéim sa treo sin má ardaítear an ráta CC.</td><td>9</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Míbhuntáiste eacnamaíochta:**<br>• **An seans go bhféadfadh roinnt MNCanna athlonnú:** B'fhéidir go bhféachfadh cuid de na MNCanna ar a gcuid oibríochtaí in Éirinn a athlonnú go tír eile.<br>• **D'fhéadfadh an rialtas ioncam a chailleadh:** Dá n-athlonnódh na MNCanna, chaillfeadh rialtas na hÉireann an t-ioncam cánach.<br>• **Tionchar ar phoist:** Bheadh tionchar suntasach ag an athlonnú ar phoist i ngeilleagar na hÉireann. | **9** |
| **(c)**<br>**20** | | Sonraíonn san fhaisnéis thíos rialacha nua a thug Banc Ceannais na hÉireann isteach maidir leis an méid is féidir le daoine a bheidh teach á cheannach aige nó aici den chéad uair a fháil ar iasacht. | |

| | |
|---|---|
| **2022** | Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire tí suas le **3.5 oiread** a n-ollioncaim a fháil ar iasacht. |
| **2023** | Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire tí suas le **4 oiread** a n-ollioncaim a fháil ar iasacht. |

**(i)** Cuir in iúl le tic (✓) thíos cé acu tionchar dearfach nó tionchar diúltach, dar leat, atá ag na rialacha nua maidir le hiasachtaí morgáiste tar éis a bheith acu ar cheannaitheoirí céaduaire tí / ar mhargadh na tithíochta in Éirinn.
Mínigh do fhreagra.

Dearfach: ✓ Diúltach: ✓

**Míniú ar éifeacht dhearfach:** **10**

- **Éiríodh tithe níos inacmhainne:**
Leis an teorainn iasachta níos airde, beidh ceannaitheoirí céaduaire ábalta rochtain a fháil ar níos mó airgid, rud a d'fhéadfadh cuidiú leo tithe a cheannach i margadh ina bhfuil na praghsanna ag ardú. Leis nacmhainneacht mhéadaithe sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca dóibh dul isteach sa mhargadh tithíochta.
- **Spreagtar éileamh tithíochta:**
Má bhíonn níos mó ceannaitheoirí ionchasacha ábalta tithe a cheannach, d'fhéadfadh sé sin an t-éileamh ar thithíocht a spreagadh, rud a d'fhéadfadh forbróirí a spreagadh ansin chun níos mó tithe a thógáil, ag tabhairt aghaidh ar aon ghanntanas soláthair sa mhargadh.
- **Neartaítear an geilleagar:**
D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha iarmhartacha a bheith ag gníomhaíocht mhéadaithe sa mhargadh tithíochta don gheilleagar i gcoitinne. Mar shampla, d'fhéadfadh níos mó poist tógála agus caiteachas méadaithe ar throscán agus athchóirithe tí a bheith mar thoradh ar éileamh níos mó ar thithíocht, rud a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do thionscail éagsúla.

**Míniú ar éifeacht dhiúltach:**

- **An baol go mbainfí iasacht ró-ard amach agus go mbeadh fiachas teaghlaigh acu:**
  Má cheadaítear do cheannaitheoirí céaduaire níos mó airgid a fháil ar iasacht, b’fhéidir go mbeadh an iasacht ró-ard dóibh, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil tuiscint shoiléir acu ar a gcumas airgeadais fadtéarmach. D’fhéadfadh sé sin iad a chur i mbaol strus airgeadais agus deacrachtaí maidir le haisíocaíochtaí morgáiste a íoc, go háirithe má bhíonn cor chun donais eacnamaíoch, cailliúint post, nó ardú ar rátaí úis ann, rud a d’fhéadfadh a bheith deacair d’iasachtaithe a n-oibleagáidí morgáiste a chomhlíonadh.
- **An baol go mbeadh boilgeog tithíochta ann:**
  D’fhéadfadh méadú ar an acmhainn iasachtaíochta éileamh ar thithíocht a spreagadh, agus d’fhéadfadh sé sin praghsanna a ardú. Má ardaíonn praghsanna ró-ghasta agus má sháraítear an fás pá, d’fhéadfadh sé sin an mboilgeog tithíochta a dhéanamh níos measa, agus d’fhéadfadh sé pléascadh ar deireadh, rud a mbeadh laghdú tobann ar phraghsanna tithe agus cothromas diúltach d’úinéirí tí mar thoradh air.
- **Brú boilscitheach:**
  D'fhéadfadh praghsanna tithíochta níos airde a bheith mar thoradh ar éileamh níos airde ar thithíocht agus ar chumhacht cheannaigh mhéadaithe, rud a chuirfeadh tuilleadh le brú boilscitheach sa gheilleagar i gcoitinne. D’fhéadfadh arduithe breise ar rátaí úis an BCE chun srian a chur le boilsciú a bheith mar thoradh air sin, rud a d’fhéadfadh costas iasachtaí a mhéadú agus brú a chur ar úinéirí tí.
- **Inacmhainneacht laghdaithe do cheannaitheoirí nach ceannaitheoirí céaduaire iad:**
  Ní théann na rialacha nua chun tairbhe ach do cheannaitheoirí tí céaduaire amháin, agus mar sin d’fhéadfadh siad é a dhéanamh níos deacra d’úinéirí tí atá ann cheana féin a dteach a uasghrádú nó a dhéanamh níos lú, toisc go bhféadfadh éileamh níos airde agus praghsanna méadaithe inacmhainneacht a laghdú do na ceannaitheoirí sin.
- **Neamhionannas inscne:**
  D’fhéadfadh na rialacha nua dul chun tairbhe go díréireach do cheannaitheoirí céaduaire ar ioncam níos airde a bhfuil an cumas acu níos mó airgid a fháil ar iasacht, agus d’fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí fós ag daoine aonair agus teaghlaigh ar ioncam níos ísle dul isteach sa mhargadh tithíochta mar gheall ar bhacainní eile, amhail an neamhábaltacht airgead a shábháil i gcomhair éarlaise.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Tá os cionn dhá mhilliún úsáideoir ag an gcomhlacht Fintech, Revolut, in Éirinn anois agus tá sé ar tí dul isteach sa mhargadh morgáiste trí iasachtaí morgáiste a thairiscint do thomhaltóirí Éireannacha.<br>Arna chur in oiriúint ó rte.ie | |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine atá ag lorg morgáiste in Éirinn de bharr Revolut a bheith ina iasachtóir le haghaidh morgáistí.<br><br>• **Méadú ar iomaíocht:**<br>Mar thoradh ar iontráil Revolut, mhéadódh an iomaíocht i measc iasachtóirí morgáiste traidisiúnta in Éirinn, rud a chuirfeadh dúshlán lena gceannasacht. D'fhéadfadh rátaí agus téarmaí morgáiste níos tarraingtí a bheith mar thoradh air sin, rud a rachadh chun tairbhe do thomhaltóirí agus iasachtóirí ag féachaint le margaí agus nuálaíocht níos fearr a thairiscint chun custaiméirí a mhealladh agus a choinneáil.<br>• **Rochtain fheabhsaithe ar iasachtaí morgáiste:**<br>Leis an bpróiseas iarratas láithreach nuálach, d'fhéadfaí an próiseas iarratais ar mhorgáiste a chuíchóiriú ag fágáil go mbeadh sé níos éasca agus níos éifeachtaí do cheannaitheoirí tí ionchasacha iasachtaí morgáiste a fháil.<br>• **Costais iasachta níos ísle:**<br>D'fhéadfadh rátaí úis níos ísle a bheith mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe i measc iasachtóirí, rud a d'fhéadfadh an costas a bhaineann le hiasacht fháil do cheannaitheoirí tí a laghdú. D'fhéadfadh costais iasachta níos ísle úinéireacht tí a dhéanamh níos inacmhainne do réimse níos leithne tomhaltóirí.<br>• **Cuimsiú airgeadais:**<br>D'fhéadfadh cur chuige nuálach Revolut maidir le hiasachtú agus a n-ardán digiteach cuimsiú airgeadais a mhéadú trí rochtain ar iasachtaí morgáiste a sholáthar do dhaonraí nach ndéantar freastal ceart orthu a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu morgáistí traidisiúnta a fháil. | **10** |

# *Meánleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire*

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**

**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá** | Tá an ghné fiosrúcháin soiléir agus tá fianaise ann do chomhleanúnachas.<br><br>Tá na haidhmeanna doiléir go leor i gcomhthéacs ach baineann sé roinnt riachtanais amach.<br><br>Iarracht réasúnta maith déanta ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Iarracht bunúsach ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.<br>Tá easpa doimhneacht agus struchtúr sa tuairisc.<br><br>Tá na haidhmeanna an-doiléir agus taispeánann sé tuiscint teoranta don téama agus an LOI.<br><br>Iarracht doiléir ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br><br>Nascadh an-íseal don ghné fiosrúcháin leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br><br>Tá na haidhmeanna a chuirtear ar fáil an-íseal gan struchtúr. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br><br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.<br><br>Níl aidhmeanna ar bith curtha ar fáil. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Fianaise ar shonraí: 5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **An-mhaith<br>8-10** | **Maith<br>6-7** | **Réasúnta<br>4-5** | **Lag<br>0-3** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid mhaith agus anailís ar phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Úsáid shimplí d'phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Iarracht shimplí, cineál doiléir chun coincheap/teoiric a chuir leis an ghné fhiosrúcháin. | Níl úsáid coincheap/teoiric ar bith leis an ghné fhiosrúcháin. Tá coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Léirmhíniú & Luacháil** | Anailís agus léirmhíniú bunúsach agus luacháil ar fhoinsí eolais agus sonraí a úsáidtear.<br>Déanann na coincheapa agus teoiric a úsáidtear nascanna trialach chuig páirt don phróiseas taighde.<br>I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár. | Anailís & léirmhíniú an-bhunúsach agus ar fhoinsí eolais.<br>Is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár.<br>Tá na coincheapa cineál ábhartha agus cuirtear iad leis an ghné fhiosrúcháin in amanna. | Tá an taighde a dhéantar ar shonraí agus foinsí eolais an-íseal a fhágann léirmhíniú bheag nó léirmhíniú ar bith. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Beagán fianaise do luacháil. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Cuirtear cuid argóintí agus breithiúnais maithe ar fáil atá nasctha ar dóigheanna chuig coincheapa agus teoiric eacnamaíochta. | Tá na hargóintí/breithiúnais a chuirtear ar fáil an-teoranta agus is féidir nach bhfuil siad ábhartha. | An-teoranta má tá argóintí nó breithiúnais ar bith curtha ar fáil. | Ní chuirtear aon argóint agus breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí** | Tá na foinsí eolais agus sonraí atá in úsáid ábhartha agus suas chun dáta ach an-teoranta i dtaca le cáilíocht agus caighdeán. | Tá foinsí eolais agus sonraí, má tá siad san áireamh, ábhartha go pointe agus tá féidearthacht go bhfuil cuid acu suas chun dáta. | Tá an fhianaise do na foinsí eolais a úsáidtear agus na sonraí an-teoranta agus an-doiléir.<br>Beagán fianaise. | Níl na foinsí eolais atá in úsáid nó sonraí soiléir. |
| **marc iomlán an Phróiseas Taighde** | **31-40** | **21-30** | **11-20** | **0-10** |

| | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Conclúid áirithe bunaithe go soiléir ar an anailís agus luacháil bunúsach don fhianaise le nasc maith chuig coincheapa & teoiric.<br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach.<br>Easpa struchtúr & doimhneacht leis na moltaí.<br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar anailís agus luacháil an-bhunúsach (má dhéantar ceachtar acu) le roinnt fianaise teoranta go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa/teoiric.<br>Baintear cuid d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. Is féidir go bhfuil iad seo neamhábhartha nó mícheart. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh.<br>Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe.<br>Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach.<br>Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **16-20** | **12-15** | **8-11** | **0-7** |
| **Machnamh** | Tá machnamh pearsanta ar an SRP le feiceáil. Ceapann & machnaíonn scoláirí ar roinnt gnéithe dá bhfoghlaim.<br>Machnamh bunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Iarracht déanta ar mhachnamh pearsanta bunúsach ar ghnéithe áirithe don SRP.<br>Machnamh an-bhunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br>Machnamh teoranta (má dhéantar machnamh ar bith) déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | Tá an SRP ciallmhar agus loighciúil go leor. Tá an teanga, na coincheapa & na sonraí imeasctha go pointe chun gluais & struchtúr bunúsach a thabhairt.Tá cumarsáid sonraí & eolais soiléir ach simplí.Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá easpa ciall agus fócas ag an SRP.<br>Tá easpa fócas & struchtúr ag an teanga, na coincheapa & na sonraí & is féidir go mbeidh an tuairisc deacair le leanúint. Easpa comhsheasmhacht.<br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br>Tá an teanga, na coincheapa & sonraí an-íseal agus mearaithe le cuid mhór earráidí fríd.<br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr agus comhleanúnachas ar bith leis an SRP seo. Ábhar neamhábhartha agus earráidí mhóra.<br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **12-15** | **9-11** | **6-8** | **0-5** |